



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

OLLSCOIL MHÁ NUAD COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT, IONCHUIMSITHEACHT AGUS IDIRCHULTÚRACHAS

Tuarascáil Bhliantúil EDI 2020/21

Ag Leathnú
Rannpháirtíochta

Comhionannas
Inscne

Cine &
Eitneachas

LGBTQIA+

Inrochtaineacht

Míchumas





Réamhrá	3	Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad	23
Achoimre Feidhmiúcháin	4	Sonraí Mac Léinn Map 2020-2021	23
Struchtúir & Líonraí EDI	4	MAP Student Cohorts 2021	23
Príomhphointí	4	MAP Student Numbers 2008-2021	23
Réamhrá	6	Freagairt ar Thionchar COVID-19	24
Creat Reachtach	7	Tionchar a Imirt ar an mBeartas Náisiúnta	24
Dualgas na Hearnála Poiblí	7	Tacaíochtaí Comhtháite Iar-Iontrála do Mhic Léinn	24
Struchtúir & Líonraí EDI MU	8	Scéim Iasachtaí Ríomhairí Glúine MU	25
Coiste EDI	8	Tacaíochtaí Airgeadais do Mhic Léinn	25
Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus éagsúlacht	9	Clár Ambasadóirí MAP	29
Iníúchadh Bliantúil ar Chomhionannas	10	Clár Aistrithe Teicneolaíochta	30
Suirbhé Foirne ar Chomhionannas agus éagsúlacht 2020/21	10	Gradam Eispéireas Mac Léinn Mu (MUSE)	30
Chiansuirbhé Pulse covid-19 ar Fhostaithe atá ag Obair	10	Cas ar an Múinteoireacht – Rochtain ar Oideachas Múinteoirí a Leathnú	31
Gníomhaíochtaí agus Éachtaí	11	College Connect - Cur Chuige Réigiúnach i Leith Rannpháirtíocht A Leathnú	33
Comhionannas Inscne	11	Caidreamh le Daoine a bhfuil Stair Ceartais Choiriúil acu	34
Athena SWAN Ireland	12	Comhpháirtíocht Phríosún Mhuinseo agus Ollscoil Mhá Nuad	34
Príomhghníomhaíocht Eile 2020/2021	13	An Tionscadal um Ligean le Féidearthachtaí	34
Comhionannas Inscne ar lean	14	An Tionscadal Malartaithe Scéalta	35
Tionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach (SALI)	14	Clár Faisnéise ‘Change Makers’	35
Ciste um Fheabhsú an Chomhionannais Inscne	14	Mol Rannpháirtíochta Pobail	36
Clár Aurora um Fhorbairt na Ceannaireachta	14	An Lucht Siúil agus na Romaigh San Ardoideachas	37
Ollscoil a Thacaíonn le Teaghlaigh	15	Tuarascáil an Fhórait Ardoideachais agus an Chomhrá Chomhstádais	37
Líonra Tuismitheoirí agus Cúramóirí	15	Oifigeach For-Rochtana don Lucht Siúil	37
Saoire Mháithreachais agus ag Filleadh ar an Obair	15	Tionscail Cuimsitheach Foghlama	38
LGBTQIA+	15	Aguisín 1: Próifil Foirne	40
LÍONRA FOIRNE LGBTQIA+	15	Aguisín 2: Próifil Mic Léinn	42
Comhionannas Cine	16	Aguisín 3: Earcú agus Ardú Céime Foirne	46
Sármhaitheas sa Deoraíocht	18	Aguisín 4: Sonraí Comhionannais Inscne	48
Ollscoil Tearmainn mu	18	Tábla na bhFÍORACHA	51
Scoláirí atá i mBaol	18	Liosta Giorrúchán	
Taispeántas We are here, hear (Táimid Anseo, hear)	18		
Míchumas	19		
Saoraidí agus Inrochtaineacht	19		
Socrú Réasúnta	19		
An Líonra Cumasúcháin	19		
Cur i bhfeidhm an Chreata Toilithe	19		
Imeachtaí/Gníomhaíochtaí/éachtaí eile i dtaca le edi in 2020/21	20		
Seachtain an Cheartais Shóisialta 2021	20		
Deontais Tionscail EDI	21		

Clár Rochtana
Ollscoil Mhá Nuad

+293%

Méadú +293% ar
líon na mac léinn ar
Chlár Rochtana OMN
ón mbliain 2008

Comhionannas
Inscne

An Dara háit in Éirinn

Ollscoil Mhá Nuad sa dara
háit in Éirinn agus 60ú go
domhanda do SDG 5 –
Comhionannas Inscne.

Ag Leathnú
Rannpháirtíochta

An Chéad Áit in Éirinn

Bhí OMN rangaithe sa
chéad áit in Éirinn agus sa
chéad 5% d'ollscoileanna
ar domhan do SDG 10 –
Míchothromaíochtaí Íslithe.

Oideachas ar
Ardchaighdeán

An Chéad Áit (comhchéad)

Bhí Ollscoil Mhá sa
chomhchéad áit in Éirinn don
Oideachas ar Ardchaighdeán
(SDG 4) agus rangaithe
#101-200 ar domhan

Sármhaitheas ar
Deoraíocht

Gradaim Ollscoil an Tearmainn Bronnta

Trí ghradam bronnta ar
theifigh agus iarrthóirí
tearmainn do chéimeanna
fochéime agus iarchéime.

Míchumas Gréasán Foirne Enable Seolta

Don fhoireann faoi mhíchumas
agus dóibh siúd a bhfuil
spéis acu Ollscoil Mhá Nuad
atá inrochtana a chruthú.

Comhionannas
Inscne

5

Roinn OMN le Gradaim
Chré-Umha Athena
Swan anois

Réamhrá

Le linn thréimhse na tuarascála bliantúla seo (Iúil 2020 - Meitheamh 2021), bhí an domhan i ngleic leis an bpaindéim COVID-19. Le linn géarchéimeanna, is furasta bogadh i dtreo áit deighilte. Agus muid ag machnamh ar an mbliain, ní mór dúinn a chinntiú nach ligimid don eagla muid a scaradh óna chéile. Dúirt John Hume, alumnus de chuid Ollscoil Mhá Nuad (MU), a fuair bás ar an 3 Lúnasa 2020, uair amháin,

“Bunchloch na daonnachta is ea an difríocht. Is timpiste bhreithe é an difríocht agus mar sin níor cheart go mbeadh sé mar fhoinse fuatha nó coinbhleachta. Is é an freagra ar an difríocht ná meas a bheith agat air. Is bunphrionsabal den tsíocháin é sin; meas ar an éagsúlacht.”



Tá an phaindéim ag cur béim i gcónaí ar dhifríochtaí inár sochaí agus ar an ngá atá le tacaíocht a thabhairt do gach duine, ach go háirithe na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus is imeallaithe sa tsochaí a iompraíonn an t-ualach diúltach is mó go minic.

Bhí ár nUachtarán, an tOllamh Philip Nolan, chun tosaigh i bhfreagra an rialtais ar an bpaindéim, agus chuir comhghleacaithe MU ar fud na hollscoile lena gcuid saineolais agus léargais taighde chun cabhrú le tionchar na paindéime a bhainistiú i mbliana.

Mothaítear go mór na héifeachtaí a bhaineann le scaradh sóisialta, féin-aonrú, oibriú ón mbaile, oideachas a chur ar leanaí sa bhaile, cúram do dhaoine scothaosta, cailliúint post agus, i gcás daoine áirithe, cailleadh daoine muinteartha agus cairde. Beidh toradh na paindéime le brath go ceann i bhfad agus tá sé rithábhachtach go ndíreofaí i gcónaí ar an gcomhionannas, an éagsúlacht, an idirchultúrachas agus an cuimsiú.

Is mó rud a d'éirigh le foireann agus mic léinn MU a bhaint amach i mbliana ó thaobh EDI. Go háirithe, bronnadh Dámhachtainí Cré-umha Athena Swan (Ceimic agus Síceolaíocht) ar dhá roinn eile de MU, agus d'fheidhmigh MU go láidir i gcónaí sna Times Higher Education Impact Rankings 2021, é san 1ú háit in Éirinn agus sa 5% is fearr ar fud an domhain maidir lenár dtaighde ar éagothroime shóisialta, beartais idirdhealaithe agus ár dtiomantas d'earcú foirne agus mic léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht (SDG-10).

Bhí próifíl ár mac léinn ag éirí níos éagsúla i gcónaí agus is díol suntais an méadú mór (293%) ar líon na mac léinn a fuair tacaíocht ó Chlár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad (MAP) ó 2008/09 go 2020/21 inár n-athbhreithniú ar MAP. Tá MU chun tosaigh maidir le rannpháirtíocht a leathnú agus tá go leor dár dtionscnaimh nuálacha chun tacú le rathúlacht na mac léinn san áireamh sa tuarascáil seo (m.sh. an clár Cas ar an Múinteoireacht arna mhaoiniú ag HEA PATH 1 atá ag éagsúlú gairm na múinteoireachta in Éirinn agus College Connect, príomhthionscadal HEA PATH 3 tionscadal atá ag forbairt cur chuige comhpháirtíochta réigiúnach chun rannpháirtíocht a leathnú.

Tugann an tuarascáil seo léargas ar an obair EDI atá ar siúl san Ollscoil ag ár bhfoireann agus ag ár mic léinn le linn na bliana acadúla 2020/21, agus tá áthas orainn í a roinnt leat.

An Dr Gemma Irvine
Leas-Uachtarán um
Chomhionannas agus Éagsúlacht



Tarraingítear aird ar chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú, agus idirchultúrachas (EDI) mar phríomhspríoc straitéiseach i bPlean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018–2022.

Deirtear sa phlean:

“Is é ár gcuspóir tógáil ar ár n-éachtaí go dtí seo agus a bheith mar ollscoil eiseamláireach don chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus idirchultúrachas, áit ar gnéithe lárnach dár misin iad ceartas sóisialta, díriú ar an neamhionannas agus daoine a chumhachtú.”

Tá sé mar aidhm ag tuarascáil bhliantúil EDI 2020/21 an obair atá ar siúl san Ollscoil chun é seo a bhaint amach a ghabháil agus is í seo tuarascáil Ollscoil Mhá Nuad ar éachtaí faoi dhualgas na hearnála poiblí don bhliain 2020/21.

Clúdaíonn an tréimhse tuairiscithe an bhliain acadúil 2020/21 (1ú Iúil 2020 – 31ú Meitheamh 2021).

Struchtúir & Líonraí EDI

Is comhchoiste buan den Údarás Rialaithe agus den Chomhairle Acadúil é an Coiste EDI. Coinneoidh an Coiste EDI faoi athbhreithniú an creat beartais ina gcomhlíonann an Ollscoil a cuid freagrachtaí comhionannais mar atá leagtha amach sa reachtaíocht agus i ndoiciméad Bheartas Comhionannais na hOllscoile féin.

Bunaíodh Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht i mí Iúil 2019 agus d'oibrigh sí go dlúth le hAontas Mac Léinn Mhá Nuad agus le comhghleacaithe ar fud na hOllscoile, le cinntiú go bhfuil prionsabail EDI leabaithe i ngach gné de straitéis, beartas, próisis, córais agus feidhmeanna na hOllscoile. Áirítear leis seo oiliúint ar EDI a sholáthar agus roinnt líonraí, fóram, grúpaí oibre agus grúpaí stiúrtha a chomhordú chun tionscnaimh EDI a chur chun cinn. Tá siad seo á gcomhordú ag an Oifigeach Comhionannais, an Oifigeach Tionscadal Comhionannais agus an Stiúthóir Rochtana.

Príomhphointí

Gníomhaíochtaí, imeachtaí, agus éachtaí sa tréimhse 2020/21 tá breac-chuntas tugtha orthu seo thíos faoi cheanteidil na tuarascála:

> Iniúchadh Bliantúil Comhionannais

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do chóras láidir a thógáil chun sonraí ar thairbhí agus ar thorthaí ár bpobal éagsúil foirne agus mac léinn a rianú agus a thagarmharcáil. Rinneamar iniúchadh bonnlíne ar 2020/21 a thugann léargas ar líon na foirne agus na mac léinn de réir míchumais, inscne, aoise, eitneachais, agus tionscnaimh náisiúnta. Rinneamar dhá shuirbhé freisin le linn na tréimhse tuairiscithe, ceann amháin ag féachaint go sonrach ar eispéiris na bhfostaithe ar an gcanobair agus an ceann eile deartha chun dearcadh na foirne ar an Ollscoil maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a mheas.

> Comhionannas Inscne

D'éirigh le hiarratais ó dhá cheann de Ranna MU gradam Cré-umha Athena SWAN a ghnóthú le linn 2020/21 lena n-áirítear an Roinn Ceimice agus an Roinn Síceolaíochta. In 2020/21 ghlac MU páirt sa scéim *Scoláireachta um Oideachas Feidhmiúcháin Scoláireachta Club 30%*, ag soláthar scoláireachta amháin ar chlár Máistreachta páirtaimseartha, MSc MU sa Straitéis agus sa Nuálaíocht. Rinne Má Nuad iarratas ar dhá phost nua ar leibhéal Ollúna faoi *Thionscnamh Ard-Cheannaireacht Acadúil 2020 de chuid an Údaráis um Ardoideachas*. Rinne MU urraíocht ar rannpháirtíocht seachtar fostaí ban do chlár Aurora um fhorbairt na ceannaireachta 2020/21.

> LGBTQIA +

Cuireadh beocht nua i líonra LGBTQIA + MU in 2021 agus bhí bratach Dhul chun cinn an Mhórtais le feiceáil ar foluain ar an gcampas le linn mhí an Mheithimh. Thug an Oifig EDI faoi roinnt seisiún oiliúna ag tacú le treas-fheasacht, lena n-áirítear tacú le seisiúin shaincheaptha.

> Sármhaitheas sa Deoraíocht

Tá MU an-ghníomhach sa *Líonra Idirnáisiúnta Scoláirí i mBaol (SAR)* a bhfuil sé mar mhisean aige scoláirí a chosaint agus saoirse acadúil a chur chun cinn. Déanaimid óstáil ar oifig SAR na hEorpa ar an gcampas. Ó mhí Feabhra 2020, tá MU ainmnithe mar Ollscoil Tearmainn, ag fáiltiú roimh dhídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imirceigh eile isteach inár bpobal ollscoile agus ag cothú cultúr cuimsitheachta dóibh siúd go léir atá ag lorg tearmainn. Is ball gníomhach é MU de *Líonra Ollscoileanna Tearmann Éireann*. Chuir MU fáilte roimh thriúr mac léinn ar Scéim Scoláireachtaí na hOllscoile Tearmainn in 2020/2021. Soláthraíodh tarscaoileadh táille iomlán do na mic léinn seo, tacaí ó Oifig Rochtana Mhá Nuad agus ó Sheirbhísí.

> Comhionannas Cine

Reachtáladh roinnt imeachtaí in 2020/21 chun tús a chur le comhrá faoi Chomhionannas Cine in MU. Ghlac na mic léinn agus an fhoireann araon páirt i bhfóram phlé faoi na céimeanna ba chóir do MU a ghlacadh sa réimse seo. Comhroinneadh torthaí na gcomhráite sin le Feidhmeannacht na hOllscoile, le Seanad na Mac Léinn MSU agus leis an gCoiste EDI.



> Míchumas

Shuiteáil MU Áis Inrochtana d'Áiteanna chun Athraithe i Lóiste MAP. Cé go bhfuil moill ar chlárú na háise, is acmhainn luachmhar í mar sin féin ar champas MU Thuaidh. Bunaíodh an *Líonra Cumasaithe Foirne Míchumais* an bhliain acadúil seo. Is spás teacht le chéile é seo do bhaill foirne faoi mhíchumas agus dóibh siúd ar spéis leo Ollscoil Mhá Nuad níos inrochtana a chruthú.

> Forfheidhmiú an Chreata Toilithe

Thairg MU ceardlann ar líne um *Chomhaontú Gníomhach** do gach mac léinn don tSeachtain Fáilte 2020. Cuirtear na ceardlanna seo ar fáil trí chomhpháirtíocht idir MU agus MSU. Tionóladh comhphlé painéil ar thóiliú freisin.

> Imeachtaí/Gníomhaíochtaí/Éachtaí Eile in 2020/2

Reachtáladh Seachtain Ceartais Shóisialta MU ar an 8-12 Márta 2021. Bhí MU le feiceáil sa Times Higher Education Impact Ranking. Is toradh é an rangú seo ar mheasúnú ar fheidhmíocht i gcomparáid le **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGs)**¹. Bhain an Ollscoil áit sna 300 ollscoil is fearr ar domhan ag na Ranguithe Tionchair Ollscoile 2021. Rangaíodh Má Nuad san 1ú háit in Éirinn agus 5% d'ollscoileanna is fearr ar domhan as a cuid taighde ar neamhionannas sóisialta, beartais ar idirdhealú agus tiomantas d'fhoireann agus do mhic léinn a earcú ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht (SDG 10). Bhí MU sa chomhchhead áit in Éirinn um Oideachas Cáilíochta (SDG 4) agus rangáíodh é ag #101-200 go domhanda mar gheall ar an méid a chuireann muid le foghlaim sna luathbhlianta agus ar feadh an tsaoil, taighde oideolaíochta agus ár dtiomantas don oideachas cuimsitheach. Bhí MU sa 2ú háit in Éirinn agus sa 60ú háit ar fud an domhain maidir le Comhionannas Inscne (SDG 5). Seoladh Ciste Tionscadal EDI 2021 chun tacú le tionscadaí nuálacha a chuireann EDI chun cinn san Ollscoil i gcomhréir le Plean Straitéiseach MU 2018-2022. Maoiníodh cúig thionscadal in 2020/21.

> Maynooth University Access Programme/Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad (MAP)

Tá meádu 293% tagtha ar líon na mac léinn MAP ó 2008 i leith. In 2020, tháinig meádu tapa ar líon na mac léinn a fhaigheann tacaíocht ó MAP. Bhí Stiúrthóir MAP i gceannas ar thrí athbhreithniú chun tacú le straitéis náisiúnta rochtana in 2020/21 a chuimsigh aighneachtaí chuig (i) *Taighde an ÚAO ar Rannpháirtíocht Mac Léinn Lánfhásta san Ardoideachas* i Meitheamh 2020, (ii) *an tAthbhreithniú ar Thacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)*. in Aibreán 2021, agus (iii) *an Plean Náisiúnta Rochtana (NAP) 2022-2028* i Meitheamh 2021. In 2020, chun dul i ngleic le tionchar díobhálach na paindéime ar an Lucht Siúil, chomhoibrigh MAP, College Connect (braisle MEND) agus MTU (Cnuasach Theas SOAR) le heagraíochtaí an Lucht Siúil chun sraith leanúnach ceardlann fhíorúil a fhorbairt do mhic léinn ionchasacha i measc an Luchta Siúil agus na Romach. Taispeántas camchuairte faoin aer é an tionscadal *Táimid anseo, tionscadal HEAR* a roinn le linn 2021 40 grianghráf agus scéal ó dhídeanaíthe chun aird a tharraingt ar an déscaradh do dhaoine atá sa chóras cosanta in Éirinn, atá go minic gan saoránacht.

Ceanglaíonn an tAcht um Míchumas 2005 ar chomhlachtaí poiblí fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leo agus sprioc de 3% d'fhoireann faoi mhíchumas a bhaint amach. Thuairiscigh MU don Údarás um Ardoideachas maidir le 2020 gur nocht 5.5% den fhoireann míchumais.

Go sonrach, maidir le feidhmíocht MU ar chomhionannas inscne, bhí ár gcohort foirne iomlán cothromaithe ó thaobh inscne ar an 31 Nollaig 2020 (40% ar a laghad de mhná nó d'fhir) le 58% d'fhoireann ban (F) agus 42% d'fhoireann fear (M). Tá ár nÚdarás Rialaithe cothromaithe ó thaobh inscne (50% F, 50% M), mar atá ár gComhairle Acadúil (40% F, 60% M), ach ní hionann i gcás na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin (33% F, 67% M). Tá cohort foirne acadúla cothromaithe ó thaobh inscne againn i nDámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh, agus na Fealsúnachta [FACSP] (51 %, 49% M) agus i nDámh na nEolaíochtaí Sóisialta [FSS] (49% F, 51% M), ach ní inár nDámh Eolaíochta agus Innealtóireachta [FSE] (30% F, 70% M). Mná den chuid is mó is ea an fhoireann Riaracháin, Teicniúil agus Gairmiúil (ATP) i ngach Dámh (FACSP: 87%F, 13%M; FSS: 93%F, 7%M; FSE: 63%F, 37%M). Amhail Nollaig 2020, ní raibh ach 33% dár bpoist Ollamh A i seilbh mná agus bhí 67% ag fir, ach mná ab ea 46% dár Léachtóirí agus fir ab ea 54% díobh. Bhí ár gcohort foirne ATP ag an dá ghrád pá is airde cothromaithe ó thaobh inscne de, agus mná is mó atá sna cohort foirne ATP ag na gráid pá is ísle.

Níl sonraí na gcatagóirí eile EDI chomh cuimsitheach le míchumas nó comhionannas inscne, rud a léiríonn go dtéann na riachtanais tuairiscithe náisiúnta dóibh seo níos faide siar ná catagóirí eile. De réir mar a mhéadóimid ár dtuairiscíú ar staitisticí EDI, forbrófar bonn fianaise níos leithne ar fhorais eile an idirdhealaithe.

Geallann MU dul chun cinn a dhéanamh i dtreo athrú eagraíochtúil agus cultúrtha don fhoireann agus do na mic léinn chun Ollscoil atá forchuimsitheach a chruthú inar saibhriú ar an scoláireacht agus ar an fhoghlaim é an éagsúlacht i bpobal ár gcampais. Tuigimid go bhfuil bealach fada le dul againn fós chun é seo a bhaint amach go hiomlán, ach creidimid go fírinneach go bhfeicfear tairbhí do chách ar infheistíocht inár ndaoine, inár gcultúr agus inár bpobal.

¹ <https://sdgs.un.org/goals>



Geallann Ollscoil Mhá Nuad (MU) go gcuirfean an comhionannas chun cinn, go léireofar meas agus luach ar éagsúlacht, agus go gcuirfean timpeallacht choláisteach chomhionann bairr feabhais ar fáil, ina dtugtar aitheantas agus ina léirítear meas ar chearta an duine, ar fhreagrachtaí agus ar éagsúlacht na mac léinn agus na foirne uile.

Is mór ag an Ollscoil an saibhriú a thagann ó phobal éagsúil mac léinn agus foirne agus féachann sí le comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a chosc i rochtain, eispéreas, dul chun cinn agus gnóthachtáil na mac léinn agus na foirne go léir trí bheartais, próisis agus cleachtais shoiléire a chur i dtoll a chéile agus i bhfeidhm trína dtugtar tacaíocht éifeacht ar mhaith le comhionannas a bhaint amach in eispéreas na mac léinn agus san fhostaíocht.

Tarraingítear aird ar chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú, agus idirchultúrachas (EDI) mar phríomhsprioc straitéiseach i bPlean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018 - 2022. Deirtear sa phlean: *“Is é ár gcuspóir tógáil ar ár n-éachtaí go dtí seo agus a bheith mar ollscoil eiseamláireach don chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus idirchultúrachas, áit ar gnéithe lárnach dár misin iad ceartas sóisialta, díriú ar an neamhionannas agus daoine a chumhachtú”.*

Tháinig fás ar an Oifig EDI le linn 2020/21: i dteannta an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht (VPED), an Dr Gemma Irvine, agus an tOifigeach Comhionannais, Sam Blanckensee, d’earcaigh an Oifig EDI beirt bhall foirne nua, an Dr Jennie Rothwell (Oifigeach Tionscadail Comhionannais) agus Ms Gill K’Eogh (Cúntóir Feidhmiúcháin).

Rinne an Stiúthóir Rochtana (An Dr Rose Ryan) agus an VPED athbhreithniú straitéiseach ar an Oifig Rochtana thar thréimhse 6 mhí in 2020 agus bhí athstruchtúrú beartaithe in 2021 mar thoradh air. Bhí sé mar aidhm aige seo freastal ar an éileamh méadaithe ar thacaíocht ó MAP ó mhic léinn agus ón bhfoireann; cur chuige níos éifeachtaí a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí straitéiseacha; agus chun cur ar chumas MAP cur chuige institiúid ardoideachais uile a leabú ar shlí níos fearr, ag feabhsú eispéreas agus torthaí na mac léinn agus na foirne go léir. Cruthaíodh roinnt ról nua lena n-áirítear: Ceannaire Oibríochtaí Rochtana, Bainisteoir Riaracháin agus méadú ar líon na gComhairleoirí Mac Léinn (ó 2 go 5) don líon méadaitheach mac léinn atá ag lorg tacaíochta. Chiallaigh an t-athstruchtúrú go bhféadfaí foireann for-rochtana comhtháite (dírithe ar earcaíocht) agus

foireann chomhairleach do mhic Léinn (dírithe ar aistriú mac léinn agus tacaíocht iariontrála) a bhunú. Tá infheistíocht shuntasach déanta ag MAP in oiliúint agus in uas-sciliú na foirne lena n-áirítear rochtain a sholáthar ar oiliúint AHEADStart do ghairmithe ardoideachais a thacaíonn le mic léinn faoi mhíchumas; oiliúint i gCleachtas ina bhfuiltear eolach faoi thráma; idirghabhálacha teiripe atá dírithe ar réitigh; agus agallaimh ar mhaithe le hinspreagadh.

Tugann an tuarascáil bhliantúil seo breac-chuntas ar an gCreat Reachtach (lena n-áirítear Dualgas na hEarnála Poiblí), agus ansin déantar cur síos ann ar struchtúir agus líonraí EDI in MU, mar aon le forbheathnú ar ghníomhaíocht agus ar éachtaí faoi na ceanteidil:

- > Iniúchadh Bliantúil ar Chomhionannas
- > Comhionannas Inscne
- > Ollscoil a thacaíonn le teaghlach
- > LGBTQIA+
- > Comhionannas Cine
- > Sármhaitheas sa Deoraíocht
- > Míchumas
- > Cur i bhFeidhm an Chreata Toilithe
- > Imeachtaí/Gníomhaíochtaí/Éachtaí Eile in 2020/21
- > Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad
- > Cas ar an Múinteoireacht – Rochtain ar Oideachas Múinteoirí a Leathnú
- > College Connect – Cur Chuige Réigiúnach i Leith Rannpháirtíochta a Leathnú
- > An Lucht Siúil agus na Romaigh san Ardoideachas
- > Tacaíochtaí Comhtháite Iar-Iontrála do Mhic Léinn
- > Clár Ambasadóirí MAP
- > Tionscadail Cuimsitheach Foghlama

Cuirtear sonraí a bhailítear mar chuid den Iniúchadh ar Shonraí Comhionannais san áireamh sna hagusíní: Próifíl Foirne, Próifíl Mac Léinn, Earcaíocht agus Ardú Céime Foirne, agus Sonraí Comhionannais Inscne.



Geallann MU an comhionannas, an éagsúlacht, an cuimsiú agus an t-idirchultúrachas a chur chun cinn. In Éirinn, tá roinnt dlíthe ann a labhraíonn leis na prionsabail seo lena n-áirítear: na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2018; na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018; an tAcht um Míchumas 2005; agus an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (lenar tugadh isteach Dualgas na hEarnála Poiblí).

Tá sé mar aidhm ag na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2018 a chinntiú go mbíonn comhdheiseanna ag daoine maidir le scileanna, oiliúint, poist agus ardú céime. Áirítear leis seo oibríthe lánaimseartha, páirtaimseartha agus sealadacha, chomh maith le comhlachtaí gairmiúla agus trádála. Toirmisceann na hAchtanna idirdhealú díreach agus indíreach, ciapadh gnéasach agus eile, agus íospairt. Ceanglaíonn siad go ndéanfaí socruithe do dhaoine faoi mhíchumas agus ceadáíonn siad gníomh dearfach nó deimhniúil.

De bharr na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 tá sé neamhdhleathach do bhunaíochtaí oideachais idirdhealú a dhéanamh maidir le hiontrálacha ar aon cheann de na naoi bhforas, rochtain ar chúrsaí, áiseanna nó tairbhí, aon téarma & coinníoll eile, nó maidir le mac léinn a dhíbirt no aon smachtbhanna eile .

Tá cásanna áirithe ann inar féidir leis an Ollscoil bearta dearfacha a dhéanamh chun tacú le grúpaí mionlaigh nó chun creideamh reiligiúnach a chur san áireamh, mar shampla: cóireáil dhifreálach do mhic léinn lánfhásta chun tacú lena bhfreastal, oiliúint reiligiúnach do mhinistéirí a bheith teoranta do reiligiúin agus d'inscín áirithe, an cumas caitheamh go difriúil le mic léinn idirnáisiúnta ó lasmuigh den AE agus an gá atá le socruithe réasúnta a sholáthar do mhic léinn faoi mhíchumas.

Leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCPRD) cearta daoine faoi mhíchumas agus an próiseas monatóireachta nach mór do stáit a dhaingnigh an coinbhinsiún a chomhlíonadh. In Éirinn, is é Coimisiún na hÉireann ar Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) an comhlacht a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm UNCPRD, agus tá coiste air atá comhdhéanta de dhaoine faoi mhíchumas a dhéanann maoirseacht ar an monatóireacht seo.

Treisiónn UNCPRD freisin go gcaithfidh Éire rochtain ar oideachas agus seirbhísí riachtanacha eile a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, agus go gcaithfidh fostóirí socruithe réasúnta a sholáthar, agus gan idirdhealú a dhéanamh laistigh den phróiseas earcaíochta.

Dualgas na Hearnála Poiblí

Is oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ('an Dualgas') in Alt 42 d'Acht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Ceanglaítear le halt 42(1) ar chomhlachtaí poiblí, i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a bhaineann leas as a gcuid seirbhísí a chosaint. Ceanglaítear le halt 42(2) ar chomhlachtaí poiblí díriú ar dhul chun cinn maidir le comhionannas agus cearta an duine ina bplean straitéiseach agus ina dtuarascálacha bliantúla agus é a mheasúnú agus a thuairisciú iontu ar bhealach atá insroichte don phobal.

Chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh, rinne an Ollscoil Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta MU ('an Beartas') a athfhorbairt. Tá an Beartas institiúideach seo, arna fhorghas ag an Údarás Rialaithe, mar bhonn agus taca le gach feidhm de chuid na hOllscoile, agus féachann sé le cultúr barr feabhais a chur chun cinn trí phrionsabail an chomhionannais agus na héagsúlachta a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí, beartais agus pleanáil uile na hOllscoile.

Tarraingítear aird ar chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú, agus idirchultúrachas (EDI) mar phríomhsprioc straitéiseach i bPlean Straitéiseach MU 2018-2022. Tugann an plean breac-chuntas ar thiomantas sainráite do chearta an duine, ceartas sóisialta agus comhionannas.

Is éard atá sa Tuarascáil Bhliantúil EDI seo tuarascáil Ollscoil Mhá Nuad ar éachtaí faoi dhualgas na hearnála poiblí don bhliain 2020/21 .

² <https://www.ihrec.ie/your-rights/i-have-an-issue-with-a-service/i-have-an-issue-about-education/>



Coiste EDI

Is comhchoiste buan den Údarás Rialaithe agus den Chomhairle Acadúil é an Coiste Comhionannais, Éagsúlachta, Cuimsitheachta agus Idirchultúrachais (EDI). Coinneoidh an Coiste EDI faoi athbhreithniú an creat beartais ina gcomhlíonann an Ollscoil a cuid freagrachtaí comhionannais mar atá leagtha amach sa reachtaíocht agus i ndoiciméad Bheartas Comhionannais na hOllscoile féin.

In 2020/21 bhí an Dr Seamus Taylor ina chathaoirleach air mar ainmní an Uachtaráin. Bhí seacht gcuinníú ag an gcoiste in 2020/21. Ba é a bhallraíocht in 2020/21:

- > An Dr Seamus Taylor, Ainmní an Uachtaráin – (Cathaoirleach, agus Ball den Údarás Rialaithe)
- > An Dr Dermot Lane, Ball Seachtarach den Údarás Ceannais
- > An Dr Mercedes Carbayo-Abengozar, Ball den Údarás Ceannais
- > An tOllamh Marian Lyons, Ball den Údarás Ceannais
- > An Dr Aidan Mooney, ball den Chomhairle Acadúil – Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta
- > An tOllamh Colin Graham, ball den Chomhairle Acadúil – Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta
- > An tOllamh Michael Doherty, ball den Chomhairle Acadúil – Dámh na nEolaíochtaí Sóisialta
- > Ms Paula Murray, Ball den Fho-choiste Comhpháirtíochta
- > Mr Ciarán Watts, Leas-Uachtarán MU um Leas agus Comhionannas
- > Ms Olubukola Adebawale, Leas-Uachtarán MSU Saol na Mac Léinn
- > Ms Kelly Rennick, Uachtarán MSU
- > Rosaleen McCarthy, Uasal, Stiúrthóir Acmhainní Daonna
- > An Dr Gemma Irvine, Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht
- > Ms Eliz Dunne, Leas-Uachtarán um Eastáit & Forbairt Caipitil
- > An Dr Rose Ryan, Stiúrthóir Rochtana
- > An Dr Chandana Mathur, Cathaoirleach, Grúpa Oibre Trasghearrthachta
- > An tOllamh Linda Connolly, Cathaoirleach, Grúpa Stiúrtha um Chomhionannas Inscne

Feidhmíonn an tOifigeach Comhionannais mar Rúnaíocht don Choiste.

Gheofar Téarmaí Tagartha an Choiste ag

<https://www.maynoothuniversity.ie/edi/edi-committee>

Tá sainordú ag an gCoiste chun:

Prionsabal na gcomhdheiseanna

a chur chun cinn d'fhostaithe agus do mhic léinn uile na hOllscoile.

Tacú le prionsabail agus luachanna na hOllscoile

i dtaca le comhionannas, uilechuimsitheacht, ceartas sóisialta, meas, dínt agus cúram don duine aonair.

Tacú le baint amach sprioc straitéiseach na hOllscoile

"Tógáil ar ár n-éachtaí go dtí seo agus a bheith mar ollscoil eiseamláireach don chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus idirchultúrachas, áit ar gnéithe lárnach dár misin iad ceartas sóisialta, díriú ar an neamhionannas agus daoine a chumhachtú"

Treoir agus treoir a sholáthar

maidir le Beartas Comhionannais agus Plean Gníomhaíochta a chur i dtoll a chéile trína ndíreofar ar réimsí comhionannais ar leith ar fud na hOllscoile.

Athbhreithniú a dhéanamh

ar an dul chun cinn ó thaobh cuspóirí comhionannais, éagsúlachta agus idirchultúrachais na hOllscoile a chur i bhfeidhm.

³ Ba mhór an bhris dúinn cailleadh ár gcomhleacaí uasal, Ms Eliz Dunne, i Meitheamh 2021. Ba mhór an tacaíocht a bhí ag Eliz do EDI, ball luachmhar den Choiste EDI agus cé go maireann a oidhreacht san obair a bhain sí amach ar an gcampas, is mór an chailliúint í.



Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht

Tá baint ag Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht (lena n-áirítear Oifig EDI agus an Oifig Rochtana) le hobair ar fud naoi bhforas an idirdhealaithe: **Inscne, Stádas Sibhialta, Stádas Teaghlaigh, Claonadh Gnéasach, Reiligiún, Aois, Míchumas, Cine, Ballraíocht i bPobal an Luchta Siúil.**

Oibríonn Oifig an Leas-Uachtaráin VPED freisin i dtaca le héagsúlacht, cuimsiú agus idirchultúrachas ar bhonn níos leithne chun a chinntiú gur áit i MU ina ndéantar ceiliúradh ar dhifriocht, agus go bhfuil mothú muintearais ag gach ball dá pobal.

Chun Ollscoil atá fíor-chuimsitheach a chruthú inar saibhriú ar an scoláireacht, an fhoghlaim, an taighde agus an nuálaíocht é an éagsúlacht i bPobal ár gcampaís, oibríonn Oifig an VPED go dlúth le hAontas Mac Léinn Mhá Nuad (MSU) agus lena comhghleacaithe ar fud na hOllscoile, lena chinntiú go bhfuil prionsabail EDI leabaithe i ngach gné de straitéis, beartas, próisis, córais agus feidhmeanna na hOllscoile.

Déanann an tOifigeach Comhionannais, an tOifigeach Tionscadail Comhionannais, agus an Stiúrthóir Rochtana líon áirithe líonraí, fóram, grúpaí oibre agus grúpaí stiúrtha a chomhordú.

Tugann siad seo na príomhpháirtithe leasmhara le chéile chun ceann amháin díobh seo a leanas a dhéanamh:

- > Díriú ar réimse sonracha de chur chun feidhme EDI (m.sh., an Grúpa Oibre um Chreat Toilithe agus an Grúpa Stiúrtha um Chomhionannas Inscne),
- > Bunús struchtúrtha a sholáthar le haghaidh rannpháirtíocht na mac léinn ar fud na hOllscoile (m.sh., Comhairleoirí Acadúla agus Ambasadóirí MAP),
- > Cur ar chumas daoine a bhfuil taithí saoil nó ábhar spéise i bpáirt acu teacht le chéile mar ghrúpa comhchoiteann (m.sh., Líonra Tuismitheoirí & Cúramóirí Foirne, Líonra LGBTQIA+, Líonra Cumasaithe).

Ó thús deireadh na tréimhse tuairiscithe seo, chuir an Oifig EDI seisiúin oiliúna ar fáil ar na topaicí seo a leanas:

- > Treoshuíomh foirne/seisiúin ionductaithe ar EDI
- > Seisiún treoshuímh do mhic léinn ar EDI
- > Oiliúint don phainéal earcaíochta
- > Oiliúint ar conas réamhchlaonadh a mhaolú
- > Spásanna LGBTQ+ níos Sábháilte
- > Oiliúint maidir le hAitheantas agus Cur i Láthair Inscne
- > Oiliúint ionductaithe do Cheannairí nua Roinne agus do bhainisteoirí nua ar shaincheisteanna EDI.

Seoladh oiliúint ar Líne ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú san Ardoideachas (EDI in HE) ar an 17 Bealtaine 2021 tríd an Timpeallacht Foghlama Fíorúil. Is clár comharba é EDI in HE ar LEAD (Living Equality and Diversity), a d'fhorbair Líonra Comhionannais an IUA in 2012.

Is é cuspóir an chlár ríomhfhoghlama EDI in HE ná:

- > feasacht a mhúscailt ar an gcaoi ar slánchuid iad ceisteanna comhionannais, éagsúlachta, cuimsithe agus cearta daonna de chultúr na heagraíochta, agus
- > tuiscint a fháil ar na freagrachtaí atá ar fhoireann oideachais tríú leibhéal faoi reachtaíocht comhionannais agus cearta daonna na hÉireann.



Iniúchadh Bliantúil ar Chomhionannas

Tá MU tiomanta do chóras láidir a thógáil chun sonraí ar thaithí agus ar thorthaí ár bpobal éagsúil foirne agus mac léinn a rianú agus a thagarmharcáil. Tá toradh ár n-iniúchta bunlíne a rinneadh in 2020/21 san áireamh sna hagusíní chun léargas a thabhairt ar líon na foirne agus na mac léinn de réir inscne, aoise, cine/eitneachais agus tionscnaimh náisiúnta agus míchumais.

Tagann ár gcuid sonraí ó go leor foinsí éagsúla ar fud na hinstitiúide lena n-áirítear, an Suirbhé ar Chothroime Rochtana (EAS), an uirlis éagsúlachta earcaíochta, córas sonraí CORE, córas taifead na mac léinn, suirbhéanna EDI foirne agus sonraí a bhailíonn Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad (MAP). I gcás roinnt réimsí EDI tá sonraí láidre ar fáil, ach i gcás réimsí eile nílimid ach ag cur tús le sonraí a bhailiú go córasach, mar shampla ní bhailimid sonraí faoi láthair faoi líon na mac léinn agus na foirne LGBTQ+, ná faoi eitneachas na foirne.

Sna blianta amach romhainn beimid ag úsáid modhanna nua chun sonraí EDI a bhailiú agus a scaipeadh laistigh den Ollscoil, mar shampla táimid ag obair leis an Réadlann Taighde Uile-Oileáin (AIRO) chun Painéal Sonraí EDI a fhorbairt chun ár gcuid sonraí EDI a shamhlú ar shlí níos fearr agus iad a lárú in aon áit amháin.

Suirbhé Foirne ar Chomhionannas agus Éagsúlacht 2020/21

Scaipeadh *Suirbhé Foirne MU ar Chomhionannas & Éagsúlacht 2020/21* ar an bhfoireann ar an 11 Nollaig 2020 agus dúnadh é in Eanáir 2021. Thug an suirbhé seo deis dúinn dearcadh na foirne ar an Ollscoil i leith an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a mheas agus leag sé béim ar réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh oibre. Bhí 305 freagróir ar an suirbhé, rud a léiríonn ráta freagartha foriomlán de thart ar 24.5%.

As na freagraí iomlána, shainaithin 71% de na freagróirí mar mhná, 25% mar fhir, d'aithin 1% mar neamh-dhénártha agus b'fhearr le 3% gan a rá.

Tá torthaí an tsuirbhé agus an chaoi ar úsáideadh na sonraí ar fáil ar Leathanach Gréasáin EDI – www.maynoothuniversity.ie/edi/edi-reports

Ollscoil Mhá Nuad – Chiansuirbhé Pulse covid-19 ar Fhostaithe atá ag Obair

Seoladh Suirbhé Pulse COVID-19 Ollscoil Mhá Nuad ar Fhostaithe Cianda an 3 Iúil 2020 agus ba é an 10 Iúil 2020 an spriocdháta le haghaidh freagraí.

Ba é cuspóir an tsuirbhé ná sonraí a bhailiú ar eispéiris fhostaithe MU ar chianobair le linn srianta COVID-19 chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- > Cad iad na dúshláin agus na deiseanna atá le sárú ag comhghleacaithe maidir le cianobair?
- > Cad iad na tacaíochtaí a d'fhéadfadh an Ollscoil a chur ar fáil sa ghearrthearma chun díriú ar na dúshláin seo?
- > Cad é tuairim comhghleacaithe ar fhilleadh ar an gcampus don obair agus conas is féidir leis an Ollscoil tacú leis seo?

Ina theannta sin, áiríodh ann daonáireamh, thar ceann na Seirbhísí TF, ar na gléasanna a úsáidtear chun obair ón mbaile. Suirbhé deonach gan ainm a bhí anseo agus ní raibh sé éigeantach na ceisteanna a fhreagairt. Fuair Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht torthaí an tsuirbhé agus comhiomláiníodh sonraí chun réamhthuarascálacha a ullmhú le haghaidh anailíse níos leithne.

Roinneadh torthaí an réamhsuirbhé le roinnt grúpaí agus bhí siad mar bhonn le hobair roinnt grúpaí, lena n-áirítear

- > An Mheitheal COVID-19 um Fhilleadh ar an gCampas.
- > Sparánaí/Stiúrthóir AD agus Seirbhísí TF (maidir le ceisteanna a bhaineann le Seirbhísí TF).
- > Oifigeach Míchumais/Acmhainní Daonna (maidir le ceisteanna a bhaineann le míchumas).
- > An tUachtarán, na Déin, an Cláraitheoir, VPR, VPED, agus an Stiúrthóir AD (ina bhfuil achoimre ar na mórcheisteanna a d'eascair as an suirbhé a úsáideadh mar bhonn eolais faoin bplé ar fhorbairt na bpleananna múinteoireachta).
- > Feidhmeannacht na hOllscoile (ina bhfuil freagraí ar an gceist faoi dhúshláin agus deiseanna maidir le cianobair mar bhonn eolais d'fhorbairt 'Beartas um Chianobair le Linn COVID-19')
- > An Coiste Comhpháirtíochta.

Is féidir torthaí an tsuirbhé sin a fheiceáil anseo: www.maynoothuniversity.ie/edi/edi-reports

Gníomhaíochtaí agus Éachtaí



Comhionannas Inscne

Tá MU ag cur an chomhionannais inscne chun cinn ar bhonn illeibhéil. Tá sonraí ábhartha foirne agus mac léinn á mbailiú agus á n-anailísiú, agus monatóireacht á déanamh orthu ag MU le haghaidh le próisis monatóireachta inmheánacha, iarratais ar Athena SWAN agus tagarmharcáil náisiúnta tríd an Údarás um Ardoideachas. Díríonn MU freisin ar neamhionannas inscne i struchtúir eagraíochtúla, i mbeartas, i bpróisis agus inár gcultúr agus inár bpopal.


Mar chuid de dheimhniú Gradam Cré-umha Athena SWAN MU, tá cur i bhfeidhm *Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne MU 2018-2021* ar siúl go leanúnach. Mar aitheantas ar na dúshláin chomhionannais a ghabh le paindéim COVID-19, agus an tionchar gaolmhar ar ghníomhaíochtaí spriocdhírthe a chur chun cinn, bhain MU leas as iarchur de bharr COVID-19 a thairg Advance HE dá Athnuachan Dámhachtana Institiúide Cré-umha a bhí le bheith ann i mí na Samhna 2021. Mar chuid den phróiseas iarchurtha seo, gheall MU ár bplean gníomhaíochta

reatha a shíneadh de bhliain amháin (go dtí Samhain 2022); seasamh le príonsabail na Cairte; díriú ar neamhionannas inscne tríd an bplean gníomhaíochta leathnaithe a chur chun feidhme; agus monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean gníomhaíochta trí Fhoireann Féinmheasúnaithe. *Foilsíodh Plean Gníomhaíochta MU um Chomhionannas Inscne 2018-2022* freisin ar shuíomh Gréasáin an EDI i gcomhréir leis na ceanglais maidir le hincháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar chlár mhaoinithe Eorpacha amhail Fis Eorpach.


Tá rannpháirtíocht MU i dtionscnaimh spriocdhírthe mar an Tionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach (SALI) agus in Aurora (forbairt ceannaireachta do mhná) mar chuid de chur chuige na hOllscoile chun dul i ngleic le príomhcheisteanna piblíne ghairme do phobal MU.

Tá stádas reatha phiblíne Acadúil MU i gcomparáid leis an bpiblíne náisiúnta leagtha amach i bhFíor 1 thíos, agus leagtar amach i bhFíor 2 piblíne foirne Riaracháin, Teicniúil agus Gairmiúil MU i gcomparáid leis an bpiblíne náisiúnta.

Fíor 1. Próifíl d'Fhoireann Acadúil/de Mhic Léinn MU de réir inscne i gcomparáid le próifíl náisiúnta sonraí ollscoile 2020⁵



Fíor 2. Próifíl d'fhoireann Riaracháin, Theicniúil agus Ghairmiúil MU de réir inscne i gcomparáid le sonraí phróifíl náisiúnta na n-ollscoileanna 2020⁶



⁴ [https://www.maynoothuniversity.ie/sites/default/files/assets/document/MU Gender Equality Action Plan 2018-2022-WEB.pdf](https://www.maynoothuniversity.ie/sites/default/files/assets/document/MU%20Gender%20Equality%20Action%20Plan%202018-2022-WEB.pdf)

⁵ <https://hea.ie/assets/uploads/2019/07/Higher-Education-Institutional-Staff-Profiles-by-Gender-2021.pdf>

Tagraíonn an figiúr seo don fhoireann de réir coibhéis lánaimseartha, ní de réir líon foirne. Le líon foirne a bhaineann gach figiúr eile sa tuarascáil seo.

⁶ <https://hea.ie/assets/uploads/2019/07/Higher-Education-Institutional-Staff-Profiles-by-Gender-2021.pdf>

Tagraíonn an figiúr seo don fhoireann de réir coibhéis lánaimseartha, ní de réir líon foirne. Le líon foirne a bhaineann gach figiúr eile sa tuarascáil seo.

Gníomhaíochtaí agus Éachtaí



Comhionannas Inscne ar lean

Athena SWAN Ireland

Ba í Má Nuad an chéad institiúid Éireannach a ghnóthaigh Gradam Cré-umha faoin gCairt Athena SWAN 'leathnaithe'.

Ó fuair sí an Gradam, tá an *Plean Gníomhaíochta Comhionannais Inscne 2018-2022* a ghabhann leis á chur i bhfeidhm ag an Ollscoil. Is doiciméad beo é an Plean Gníomhaíochta seo a ndéantar athbheithniú agus nuashonrú air le linn a shaoil chun go bhfreagróidh sé do thairbhí reatha phobal MU. Le linn 2020/21 thosaigh MU ag obair i dtreo athnuachan a dhéanamh ar a dhámhachtain Chré-umha Institiúide a chuirfear isteach i mbabhta mhí na Samhna 2022.

Bhain Roinn na Ceimice Gradam Cré-umha Athena SWAN amach i mí an Mhárta 2021, ar son na hoibre a rinneadh chun comhionannas inscne a chur chun cinn don fhoireann agus do mhic léinn ag leibhéal na roinne.

Tá 30 mír i bplean gníomhaíochta na Roinne Ceimice lena n-áirítear:

- > Próiseas láidir comhairliúcháin a leabú leis an bhfoireann agus leis na mic léinn araon chun cur i bhfeidhm an phlean a threorú.
- > Méadú ar líon na n-iaratasóirí bainearna ar phoist acadúla.
- > Tacaíocht a fheabhsú do chothromaíocht idir saol na hoibre agus an saol baile, meabhairshláinte agus folláine ár mac léinn taighde iarchéime.

Áiríodh ar fhoireann féinmheasúnaithe na Ceimice (SAT) ionadaíocht ón bhfoireann acadúil, taighde, riaracháin agus theicniúil agus ó mhic léinn iarchéime. Chuir sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla bonnlíne ar fáil don SAT chun an plean gníomhaíochta inscne a chur chun cinn, comhionannais agus éagsúlacht a phríomhshruthú sa chinnteoireacht agus i ngníomhaíochtaí lárnacha. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar phlean gníomhaíochta Athena Swan na Roinne Ceimice agus ar thionscnaimh EDI ar a leathanach gréasáin -

www.maynoothuniversity.ie/chemistry/equalityanddiversity

I mí an Mhárta 2021 ghnóthaigh Roinn na Síceolaíochta Gradam Cré-umha Athena SWAN, ar son a dtiomantas do chomhionannas inscne a chur chun cinn don fhoireann agus do mhic léinn ag leibhéal na roinne.

Áiríonn an Plean Gníomhaíochta 48 pointe, a d'fhorbair Foireann Féinmheasúnaithe na Roinne Síceolaíochta (SAT), gealltanais maidir le:


- > Infheictheacht na foirne taighde agus na mac léinn sa roinn a mhéadú.
- > Feabhas a chur ar fheasacht ar fhorbairt gairme agus ar dheiseanna rannpháirtíochta pobail sa tsíceolaíocht.
- > Saincheisteanna a bhaineann le cothromaíocht idir saol na hoibre agus an saol baile a shainaithint agus dul i ngleic leo, go háirithe i bhfianaise na gcúinsí a ghabh le paidéim COVID-19.
- > Léacht poiblí bliantúil Athena SWAN a óstáil a léiríonn taighde EDI (Comhionannas Éagsúlacht agus Cuimsiú) nó inscne sa tsíceolaíocht.

Áiríodh ar Fhoireann Féinmheasúnaithe na Síceolaíochta ionadaíocht ón bhfoireann acadúil, taighde agus riaracháin, chomh maith le hionadaíocht iarchéime agus fochéime. Nuair a deimhníodh an dámhachtain, leathnaigh an SAT a shainchúram chun a bheith ina Choiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú na Roinne. Tá tuilleadh eolais ar phlean gníomhaíochta Athena Swan na Roinne Síceolaíochta agus ar thionscnaimh le fáil ar a leathanach gréasáin www.maynoothuniversity.ie/psychology/athena-swain-psychology-department



Príomhghníomhaíocht Eile 2020/2021

- > Tháinig Grúpa Stiúrtha um Chomhionannas Inscne de chuid MU, faoi cheannas an Ollaimh Linda Connolly, le chéile trí huairde le linn na bliana acadúla 2020-21 agus cuireadh nuashonrú gnó lárnach ar fáil do chomhataí i mí Iúil 2021.
- > Tháinig Lónra Chathaoirligh MU ar Athena SWAN le chéile ag pointí éagsúla i rith na bliana chun dul chun cinn a phlé agus eolas a roinnt.
- > Bhí an Dr Gemma Irvine (Leas-Uachtarán MU um Chomhionannas agus Éagsúlacht) agus an Dr Pat O'Connor (Ollscoil Luimnigh) ina gcomhúdar ar *'Multi-Level State Interventions and Gender Equality in Higher Education Institutions: The Irish Case'*⁷ in *Administrative Sciences*, 2020, 10 (4). Dírtear san alt ar fhorbairtí beartais stáit agus ar idirghabhálacha a bhaineann le comhionannas inscne in Éirinn, ag cur béime ar idirghabhálacha stáit il-leibhéil agus ag féachaint ar a dtionchar ar institiúidí ardoideachais.
- > Chuaigh Réadlann Taighde Uile-Oileán MU (AIRO) i gcomhpháirtíocht leis an HEA chun **Painéal Náisiúnta um Chomhionannas Inscne d'Institiúidí Ardoideachais**⁸ nuálach a fhorbairt. An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD, a sheol ar an 8 Márta 2021.
- > Tionóladh ceardlann ar ghné na hinscne in ábhar taighde le linn Sheachtain Taighde MU (19 – 23 Deireadh Fómhair 2020).
- > Thug an Dr Victoria Brownlee as AdvanceHE cur i láthair ar *Renewing and/or Upgrading Your Athena SWAN Award* i Samhain 2020.
- > In 2020 ghlac MU páirt sa scéim Scoláireachta um Oideachas Feidhmiúcháin Scoláireachta Club 30%, ag soláthar scoláireachta amháin ar chlár Máistreachta páirtaimseartha, MSc MU sa Straitéis agus sa Nuálaíocht.
- > Ó 2019 leith, tá dhá Dhámhachtain Dochtúireachta do Mhná i STEM Hume (WISH) á maoiniú ag MU gach bliain, mar chuid de Dhámhachtainí Dochtúireachta John agus Pat Hume. Tá Dámhachtainí WISH ar fáil don bheirt iarratasóir dochtúireachta ban is fearr ar thionscadail STEM a léiríonn sármaidheas in obair chúrsa acadúil agus i dtaighde.
- > I mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2021, d'óstáil an Oifig EDI sraith de thrí *Cheardlann Thaiscéaláíoch Comhfhoghlama ar Inscne agus ar Dhigitiú*, a eagraíodh faoi chuimsiú an tionscadail Fís 2020 GENDERACTION agus a chomhordaigh an Buanghrúpa Oibre ar Inscne sa Taighde agus sa Nuálaíocht faoin gCoiste Eorpach um Réimse Taighde agus Nuálaíochta (ERAC SWG GRI). Is coiste comhairleach beartais é ERAC SWG GRI a thugann comhairle do Chomhairle AE, don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit maidir le beartais agus tionscnaimh a bhaineann le comhionannas inscne i gcúrsaí taighde agus nuálaíochta. Tá ERAC SWG GRI comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit agus ó na Tíortha Comhlachaithe, agus ón gCoimisiún Eorpach. Tá na taifeadtaí le feiceáil - <https://genderaction.eu/exploratory-mutual-learning-workshop-on-gender-and-digitalization/>
- > Tháinig an Mheitheal um Thrasnachas le chéile trí huairde le linn 2020/2021. Rinne Cathaoirleach Ghrúpa Oibre Trasnachais MU an Dr Chandana Mathur agus Oifigeach Comhionannais MU, Sam Blanckensee, ionadaíocht ar son na hOllscoile ar an Meitheal *Trasnachais Náisiúnta um Ardleibhéal Ardoideachais/ÚAO* i rith 2020/21.
- > D'ostaigh *Meitheal Trasnachais MU* an chéad *Léacht Bliantúil ar Thrasnachas* ar líne an 20 Bealtaine 2021. Thug an Dr Christen A. Smith (Ollscoil Texas in Austin) an léacht tionscnaimh dar teideal: *'The Critical Praxis of Citing Black Women'*.



Fíor 3. Léacht Tionscnaimh Ollscoil Mhá Nuad ar an Trasnachas 2021

⁷ <https://www.mdpi.com/2076-3387/10/4/98>

⁸ <https://www.maynoothuniversity.ie/gender-equality-dashboard>

Gníomhaíochtaí agus Éachtaí



Comhionannas Inscne ar lean

Tionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach (SALI)

Le linn na bliana acadúla 2020/21, chuir MU iarratais isteach ar dhá phost nua agus breise ar leibhéal Ollaimh faoi Thionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach 2020 an HEA.

Tá na poist seo sa bhreis ar an dá phost a bronnadh roimhe seo ar *Mhá Nuad faoi Thionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach* HEA 2019. Bronnadh na poist seo i réimsí ina bhfuil fianaise ann maidir le tearcionadaíocht inscne, áit a mbeidh tionchar suntasach aige agus ina mbeidís ina modh comhréireach agus éifeachtach chun athrú luathaithe agus inbhuanaithe a bhaint amach:

- > Ollamh le Tíreolaíocht Fhisiciúil i réimse na hEolaíochta Aeráide (Oiriúnú agus/nó Maolú).
- > Ollamh le hEolaíocht Ríomhaireachta i réimse na hAiltireachta Ardán Bogearraí agus an tSochaí.

Ciste um Fheabhsú an Chomhionannais Inscne

Le linn na bliana acadúla 2020/21, chomhoibrigh MU le comhpháirtithe taighde náisiúnta ar cheithre iarratas rathúla chuig *Ciste um Fheabhsú an Chomhionannais Inscne*⁹ an Údaráis um Ardoideachas (HEA) chun tionscnaimh chomhionannais inscne a chur chun cinn in ardoideachas na hÉireann.

Chomhoibrigh MU i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh (Ceannasaí) agus OÉ Gaillimh ar chlár píolótach *Ag Ullmhú do Dhul Chun Cinn Acadúil (PAA)*. Ba é aidhm an chlár earnála seo ná tacaíocht a thabhairt do mhná acadúla ag leibhéal Léachtóra Shinsearaigh/Ollaimh Chomhlaigh agus iad ag ullmhú iarratas chuig leibhéal Ollaimh B. Cuireadh tús leis an gclár i mí an Mheithimh 2021. Meaitseáladh ceithre rannpháirtí is fiche le meantóirí acadúla sinsearachas lasmuigh dá n-institiúid féin (5 mheantóir agus 8 meantóir ó MU). Tugadh tús áite sa chlár dóibh siúd is dóichí go mbeadh drochthionchar ag éifeachtaí na paindéime COVID-19 orthu.

Chomhoibrigh taighdeoirí MU ar na hiarratais seo a leanas, ar éirigh leo:

- > **Líonra na hÉireann um Chomhionannas Inscne sa Ríomhaireacht (INGENIC): An Guth Comhchoiteann do Chomhionannas Inscne sa Ríomhaireacht.** An Dr Rosemary Monahan, Roinn Ríomheolaíochta Ollscoil Má Nuad agus Institiúid Hamilton, le IADT (i gceannas) agus GMIT.
- > **Tacú le Athena SWAN sna hEolaíochtaí Matamaiticiúla: Tagarmharcaíl agus Líonrú.** An tOllamh David Malone, Institiúid Hamilton Ollscoil Má Nuad agus an Roinn Matamaitice agus Staitisticí, in éineacht le DCU, NUIG (i gceannas), UCC, UCD agus UL.
- > **TechMate: A best practice toolkit for driving sustainable acceleration towards gender equality in technology disciplines in HEIs.** An Dr Rosemary Monahan, Roinn Ríomheolaíochta Ollscoil Má Nuad agus Institiúid Hamilton, in éineacht le IT Carlow, MU, TU Dublin (i gceannas) agus UCD.

Clár Aurora um Fhorbairt na Ceannaireachta

Rinne Má Nuad urraíocht ar rannpháirtíocht seisear fostaí i gclár Aurora um Fhorbairt na Ceannaireachta¹⁰ 2020/2021. Is é Aurora tionscnamh forbartha ceannaireachta ardoideachais Advance do mhná agus dóibh siúd a shaináithníonn mar mhná. Reáchtáiltear é mar chomhpháirtíocht uathúil ag tabhairt saineolaithe ceannaireachta agus institiúidí ardoideachais le chéile chun gníomhú go dearfach chun díriú ar ghannionadaíocht na mban i bpoist ceannaireachta san earráil.

Tar éis próiseas roghnúcháin an-iomaíoch, roghnaíodh na fostaithe seo a leanas mar rannpháirtithe do 2020/2021:

- > An Dr Anne O'Brien, Staidéar ar na Meáin
- > An Dr Ana de Prada Pérez, Roinn na Spáinnise agus an Léinn Mheiriceá Laidinigh
- > An Dr Marian Crowley-Henry, An Scoil Ghnó
- > An Dr Rosemary Monahan, Ríomheolaíocht agus Institiúid Hamilton
- > Ms Grace Edge, An Oifig Rochtana
- > An Dr Elaine Martin, An Scoil Oideachais



Fíor 4. Pictiúr de rannpháirtithe Aurora ag seisiún oiliúna do mheantaithe

Féachann Aurora le tacú le mná agus lena n-institiúidí a n-acmhainneacht ceannaireachta a chomhlíonadh trí gníomhaíochtaí spreagtha smaointe, gníomhaíochtaí comhoibritheacha um réiteach fadhbanna agus scéalta spreagthacha le tacaíocht ó eiseamláirí inspioráideacha ban. Cothaíonn an rannpháirtíocht líonraí láidre de mhná luathghairme ar fud na hearnála chun dea-chleachtas, léargas agus taithí a roinnt. Le sé bliana anuas ghlac 8,300 bean as níos mó ná 200 institiúid ar fud na RA agus na hÉireann páirt in Aurora.

⁹ hea.ie/policy/gender/gender-equality-enhancement-fund2021/#:~:text=The%20HEA%20has%20awarded%20funding,gender%20equality%20initiatives%20in%20Ireland

¹⁰ www.advance-he.ac.uk/programmes-events/aurora



Ollscoil a Thacaíonn le Teaghlaigh

Líonra Tuismitheoirí agus Cúramóirí

Chuir Líonra Tuismitheoirí agus Cúramóirí Foirne MU spás ar líne ar bun chun eolas agus faisnéis a roinnt i measc na mball le linn 2020/21. Tá ballraíocht sa Líonra oscailte do bhaill foirne a bhfuil cleithiúnaithe agus freagrachtaí cúraim acu agus do dhaoine ar spéis leo MU a thacaíonn le teaghlaigh a chruthú. Bhí cruinniú amháin ag an Líonra le linn na tréimhse tuairiscithe.

Saoire Mháithreachais agus ag Filleadh ar an Obair

Tréimhse Taighde Athena Swan 'Saor ó Theagasc' nó Aistrithe Sínte

Cuireadh tréimhse Taighde 'Saor ó Theagasc nó Aistriú Sínte Athena SWAN' i bhfeidhm in 2019 mar aitheantas ar na dúshláin a d'fhéadfaidh a bheith le sárú ag fostaithe agus iad ag fillleadh ar an obair ó shaoire mháithreachais nó uchtála. Tá an tionscnamh seo mar chuid den tiomantas do thacaíochtaí a sholáthar don fhoireann uile chun cabhrú lena n-ath-imeascadh isteach ina bpoist tar éis an tsosa ón obair. Gheofar tuilleadh eolais ar leathanaigh ghréasáin AD MU - www.maynoothuniversity.ie/human-resources/policies/maternity-leave

Foireann Acadúil

Maidir le baill foirne acadúla a bhfuil freagrachtaí teagaisc agus taighde orthu araon, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig a gCeann Roinne faoi seach ar thréimhse taighde amháin tar éis a saoire mháithreachais nó uchtála. Tacóidh an Ollscoil leis an tréimhse saor ó theagasc seo trí na socruithe teagaisc téarma shocraithe nó ócáideacha a shíneadh sa chás go bhfillleann an ball den fhoireann acadúil ar an obair laistigh de thréimhse teagaisc. Is é cuspóir an tionscnaimh seo tréimhse ualach teagaisc laghdaithe a sholáthar d'fhoireann acadúil atá ag fillleadh ó shaoire mháithreachais/uchtála chun cabhrú lena n-ath-imeascadh ar ais ina ról ach freisin an deis a thabhairt d'fhoireann acadúil a bhaineann leas as saoire den sórt sin a ngairmeacha a fhorbairt. Maidir leis seo tá sé beartaithe go dtacóidh an tionscnamh leis an mball foirne agus lena Roinn araon.

Baill Foirne atá gan Cúraimí Teagaisc

Féadfaidh baill foirne nach bhfuil cúraimí teagaisc orthu agus ar clúdaíodh a gcúraimí leas a bhaint as tréimhse 4 seachtaine 'aistrithe', a thógtar i mbloic coicise roimh agus tar éis na saoire máithreachais/uchtála. Tabharfaidh an tréimhse aistrithe deis dóibh obair, tionscadail a aistriú de réir a chéile, agus teacht suas chun dáta ar chúrsaí riaracháin agus cumarsáide.

LGBTQIA+

Tá *Beartas um Aitheantas agus Léiriú Inscne*¹¹ ag MU mar aon leis na treoirínte gaolmhara. Tairgeadh oiliúint ar na treoirínte seo don fhoireann le linn 2020/21. Fuair an Oifig EDI aiseolas ar an mbeartas seo ó mhic léinn agus ón bhfoireann in 2020/21 agus tá an beartas le hathbhreithniú in 2022. Fuair Oifig Beartas na Clárlainne dhá iarratas ar athrú ainm agus inscne sa tréimhse tuairiscithe, agus thaifead Oifig na dTaifead tríúr mac léinn a leasaigh a n-inscne, duine amháin trí bheartas agus beirt tríd an rogha féinseirbhíse ar líne ar Ghréasán na Mac Léinn.

Ar an 16 Meitheamh, reáchtáil an Oifig EDI agus *Roinn Froebel um Oideachas Bunscóile agus Luath-Óige* oiliúint in éineacht le Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI) agus INTO LGBT ar cheisteanna trasinscneacha i mbunscóileanna agus chun tacú le múinteoirí trasinscne.

D'eitil an Ollscoil Brat an Progress Pride ar an gcampas i mí an Mheithimh.



Fíor 5. Bratach Dhul Chun Cinn an Bhróid ar an gcampas

LÍONRA FOIRNE LGBTQIA+

Tháinig borradh nua faoi *Líonra Foirne MU LGBTQIA+* in 2021. Tá ballraíocht ar oscailt do bhaill foirne LGBTQIA+ agus do dhaoine ar spéis leo tacú leis an bpobal LGBTQIA+ ag MU. Tháinig an Líonra le chéile faoi dhó le linn na tréimhse tuairiscithe.

D'fhreastail baill de *Líonra Foirne LGBTQIA+ MU* freisin ar *Líonra Náisiúnta Foirne agus Mac Léinn LGBTQIA+* agus ar an ngréasán náisiúnta líonraí foirne LGBTQIA+.

¹¹ www.maynoothuniversity.ie/edi/edi-policies/GIGEPolicy

Gníomhaíochtaí agus Éachtaí



Comhionannas Cine

Díríodh in 2020/21 ar dhul i gcomhairle le mic léinn agus baill foirne ar chomhionannas cine in MU agus ar cá háit a raibh gá le tuilleadh oibre.

Tá MU ina ball de *Mheitheal Náisiúnta HEA/Athena SWAN Ireland ar an Trasnachas*, a bhfuil ionadaíocht ag an Dr Chandana Mathur agus Sam Blanckensee air. Bhí an grúpa seo lárnach i dtacú leis an HEA chun *Suirbhé Foirne ar Chomhionannas Cine* a fhorbairt a rinneadh idir deireadh 2020 agus tús 2021. Dhírigh an Mheitheal Trasnachais ansin ar Ghluais Litearthachta EDI a fhorbairt le scaipeadh sa bhliain acadúil dár gcionn.

Geallann Ollscoil Mhá Nuad sonraí aitheantóra eitneacha a bhailiú le go bhféadfaimis a aithint cá bhfuil an neamhionannas, agus bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí institiúideacha ar fud an chórais chun aon neamhionannas nó idirdhealú a chomhrac.

Tugtar léargas ar mhic léinn na chéad bhliana de réir tionscnaimh eitnigh (2019/20) i bhFíor 6 thíos, agus tá miondealú breise ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht ó 2016/17 – 2019/20 curtha i láthair i bhFíor 7.


Comhionannas Cine ag MU

Seisiúin plé le mic léinn agus baill foirne

Príomhimeachtaí 2020/21:

- > Reáchtáladh cruinniú ar an 27 Eanáir 2021 chun féidearthacht na hoiliúna comhionannais cine ag MU a phlé. Bhí 27 i láthair, idir mhic léinn agus bhaill foirne. Ina dhiaidh sin pléadh an obair atá á déanamh ag MU faoi láthair i mionseisiúin chun díriú ar fhadhbanna is gá a réiteach, agus spriocanna a bheadh oiriúnach don oiliúint.
- > Tionóladh *Fóram Plé um Chomhionannas Cine* ar an 11 Márta 2021 (arna chomhóstáil ag MSU agus an VPED) chun ár gcampas atá éagsúil ó thaobh eitneachais a phlé. Ón gcrúinniú seo tháinig roinnt gníomhartha lena n-áirítear seisiúin oiliúna don fhoireann ar fheasacht ar claonadh. Scaipeadh tuarascáil as seo ar Fheidhmeannacht na hOllscoile, ar Sheanad Mac Léinn MU agus ar Choiste EDI.


Fíor 6. Líon na bhfreagróirí as mic léinn chéad bhliana de réir bunús eitneach



Sonraí a bailíodh tríd an Suirbhé ar Chothroime Rochtana




Fíor 7. Líon na bhfreagróirí as mic léinn chéad bhliana de réir bunús eitneach



Sonraí a bailíodh tríd an Suirbhé ar Chothroime Rochtana idir 2016 agus 2019. Tugtar céatadáin de bharr méid beag na dtacar sonraí.

Fíor 8. Céatadán na bhfreagróirí as mic léinn chéad bhliana de réir tionscnaimh eitnigh (gan catagóir na nÉireannach Geal a thaispeáint)



Sonraí a bailíodh tríd an Suirbhé ar Chothroime Rochtana idir 2016 agus 2019. Tugtar céatadáin de bharr méid beag na dtacar sonraí.

Gníomhaíochtaí agus Éachtaí



Sármhaitheas sa Deoraíocht

Tá colún nua d'obair EDI ag díriú ar dhéanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh bunaithe in MU faoin gceannteideal 'Sármhaitheas sa Deoraíocht'. Cuimsíonn sé seo obair Ollscoil Tearmainn MU (dírithe ar na mic léinn), tionscnaimh na Scoláirí i mBaol (SAR) (dírithe ar an bhfoireann) agus tionscnaimh eile atá dírithe ar an gcóhort seo.

Ollscoil Tearmainn MU

Ainmníodh MU go hoifigiúil mar Ollscoil Tearmainn ar an 20 Feabhra 2020 ar son a tionscnaimh chun fáilte a chur roimh dhéanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh eile isteach sa phobal.

Is tionscnamh de chuid Ollscoil Tearmainn Éireann (UoSI) é an Gradam Tearmainn chun spreagadh agus ceiliúradh a dhéanamh ar dhea-chleachtas ollscoileanna, coláistí agus institiúidí a chuireann fáilte roimh dhéanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh eile isteach i bpobail a n-ollscoile agus cultúr uilechuimsitheachta a chothú dóibh siúd go léir atá ag lorg tearmann. Tá sé mar aidhm ag an nGradam an cultúr fáilteach seo a scaipeadh ar fud institiúidí an ardoideachais ar fud an oileáin.

Mar chuid dá ghealltanais faoi phróiseas ainmnithe Ollscoil Tearmainn, bhunaigh MU scéim phiolótach de thrí "scoláireacht tearmainn" d'iaratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus do dhéanaithe atá gan rochtain ar thacaíocht stáit dá gcuid staidéir.

Tacaíodh le mic léinn tearmainn ionchasacha iarratas a dhéanamh ar scoláireachtaí trí sheisiún faisnéise ginearálta agus tairgeadh 'meantóir' acadúil dóibh chun iad a threorú tríd an bpróiseas. D'éirigh leis an scéim phiolótach, agus tá na mic léinn fochéime ábhartha tar éis dul ar aghaidh chuig an gcéad bhliain acadúil eile in Ollscoil Mhá Nuad.

Tacóidh an scéim leis na mic léinn ar feadh na céime iomláine agus ionas go mbeidh cóhort nua ann gach bliain. D'eagraigh an Coiste Tearmann, le tacaíocht ó Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht, sraith imeachtaí i rith na bliana, lena n-áirítear 'Tráthóna Fáilte' do na scoláirí tearmainn agus a dteaghlaigh agus a gcairde, agus oiliúint ar 'Ag Tacú le Mic Léinn Tearmainn' a tugadh don fhoireann atá ag soláthar seirbhísí do mhic léinn tearmainn.

Cuirtear Nuachtlitir Ollscoil Tearmainn le chéile gach bliain agus scaiptear í ar an bhfoireann agus ar na mic léinn.

Scoláirí atá i mBaol


Thosaigh Scholars at Risk (SAR)¹² ag Ollscoil Chicago i 1999¹³ agus seoladh an Líonra go foirmiúil i Meitheamh 2000. Is líonra idirnáisiúnta institiúidí agus daoine aonair é SAR a bhfuil sé mar mhisean acu scoláirí a chosaint agus saoirse acadúil a chur chun cinn. Cosnaíonn SAR scoláirí atá ag fulaingt ó bhagairtí tromchúiseacha ar a saol, a saoirse agus a bhfolláine, go páirteach trí shuíomhanna tearmainn a shocrú in institiúidí sa líonra dóibh siúd ar éigean dóibh teitheadh.

Bunaíodh SAR-Ireland¹⁴ in 2009 mar chomhpháirtíocht idir Universities Ireland¹⁵ agus Líonra na Scoláirí i mBaol. Cuireann an chomhpháirtíocht seo tacaíocht ar fáil d'acadóirí atá faoi bhagairt ar fud an domhain, lena n-áirítear trí shocrúcháin shealadacha a shocrú in Éirinn chun ligean dóibh leanúint ar aghaidh go sábháilte lena gcuid oibre. Tá an tOllamh Rowena Pecchenino, MU, ina Cathaoirleach ar SAR-Ireland ar a bhfuil ionadaí ó gach ollscoil (is é an Dr Chandana Mathur ionadaí MU), agus soláthraíonn Anthony Soares, Ollscoileanna Éireann an Rúnaíocht do SAR-Ireland.

Is é **Scoláirí i mBaol na hEorpa**¹⁵ oifig Eorpach an ghréasáin dhomhanda Scoláirí i mBaol. Is é atá sa tionscnamh, **InSPIREurope**¹⁶ a mhaoiníonn an tAontas Eorpach comhghuaillíocht ar fud na hEorpa do thaighdeoirí atá i mbaol mar gheall ar idirdhealú, géarleanúint, fulaingt nó fóreigean. Maoinítear an tionscnamh faoi **Marie Skłodowska-Curie Actions**¹⁷ de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, agus tá sé á óstáil ag MU, agus á chomhordú ag SAR Europe

Taispeántas We are here, HEAR (Táimid Anseo, HEAR)

D'fhorbair Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad, arna mhaoiniú ag Ciste Nuálaíochta na hEarnála Poiblí 2021, agus i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Comhairle Dídeanaithe na hÉireann agus Caisleán Bhaile Átha Cliath an tionscadal '**We are here, HEAR**', taispeántas fíorúil agus lasmuigh de ghrianghraif a ghlac dídeanaithe chun léiriú a thabhairt ar na bacainní a bhí orthu a sháru chun rochtain a fháil ar an ardoideachas, agus cur síos ag gabháil leis. Taispeántas camchuarite faoin aer é an tionscadal '**We are here, HEAR project**' inar roinneadh 40 grianghraf agus scéal ó dhéanaithe le linn 2021 chun aird a tharraingt ar an déscaradh do dhaoine sa chóras cosanta in Éirinn, go leor acu atá gan saoránacht.



Fíor 9. Taispeántas Dídeanaithe We are here, HEAR

Tar éis é a sheoladh in MU, thug an taispeántas camchuarit ar na hInstitiúidí Ardoideachais i réigiún MEND (Lár na Tíre Thoir Baile Átha Cliath Thuaidh), comh maith le láithreacha eile a roghnaíodh le cuspóir mar gheall ar a gcóngarachacht d'ionaid Soláthair Dhírigh; Príosún Mhuinseo; Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Lár na Tíre; Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan; Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; agus TUS Luimnigh.

¹² www.scholarsatrisk.org/about/

¹³ Sa bhliain 2003, d'aistrigh ceanncheathrú líonra SAR ó Ollscoil Chicago go campas Ollscoil Nua-Eabhrac (NYU).

¹⁴ <https://universitiesireland.ie/scholars-at-risk/sar-ireland/>

¹⁵ <https://universitiesireland.ie/>

¹⁶ www.maynoothuniversity.ie/sar-europe

¹⁷ www.maynoothuniversity.ie/sar-europe/inspireurope

¹⁸ <https://ec.europa.eu/programmes/horizon2020/en/h2020-section/marie-sklodowska-curie-actions>



Míchumas

Tá Socruithe Réasúnta do bhaill foirne faoi mhíchumas á gcur i bhfeidhm anois ag an Oifig EDI, ag obair go dlúth le hAcmhainní Daonna agus leis an Oifig Sláinte & Sábháilteachta.

Saoráidí agus Inrochtaineacht

In 2020, laghdaíodh oibreacha toisc tionchar COVID-19 agus ní fhéadfaí dul chun cinn a dhéanamh ach ar oibreacha riachtanacha nó ar oibreacha a bhain le COVID-19.

I measc na n-oibreacha a rinneadh in 20/21 bhí:

- > Rochtain fheabhsaithe ar bhealaí cúrsaíochta timpeall na hOllscoile
- > Gléasanna coimeád ar oscailt atá feistithe ar dhoirse dóiteáin ar fud fhoirmhór na bhfoirgneamh (Rinneadh é mar réamhchúram COVID 19 chun úsáid hanlaí a sheachaint ach éascaíonn sé rochtain freisin).

Socrú Réasúnta

Faoin reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta, tá dualgas ar fhóistoirí bearta cuí a ghlacadh le cur ar chumas duine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar fhostaíocht agus páirt a ghlacadh inti nó oiliúint a dhéanamh – mura rud é go mbeadh ualach díréireach ar an bhfóistoir mar thoradh ar na bearta seo.

Is féidir Socruithe Réasúnta (RA) a shainmhíniú mar mhodhnú éigin ar thascanna nó ar struchtúr poist nó ar an ionad oibre a cheadaíonn d'fhostaí cáilithe faoi mhíchumas a gcuid oibre a dhéanamh agus úsáid iomlán a bhaint as comhdheiseanna fostaíochta. Is féidir rud chomh simplí le troscán oifige a atheagrú, go Teicneolaíocht Chúnta a sholáthar nó uaireanta oibre a athrú a bheith i gceist i RA.

Samplaí féideartha de RA:

- > Troscán a atheagrú
- > Leibhéal deisce a athrú
- > Mír de threalamh oifige/saotharlainne a cheannach
- > Mír de threalamh caighdeánach a oiriúnú
- > Ábhair oiliúna a oiriúnú
- > Glacadh leis go bhféadfadh slite eile a bheith ann chun tasc ar leith a dhéanamh
- > Eolas cuideachta a chur ar fáil i bhformáidí oiriúnacha
- > Spás páirceála gar don áit oibre a sholáthar
- > Socruithe fleisc-ama, obair pháirtaimseartha, comhroinnt poist agus obair chianda a éascú
- > Léachtaí a aistriú go halla atá níos inrochtana

Féadfaidh fostaí ar bith ar mhaith leo RA a iarraidh, teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Comhionannais ag equality@mu.ie.

An Líonra Cumasúcháin

Bhí an chéad chruinniú ag an Líonra Cumasúcháin i Márta 2021.

Tá an bhallaíocht ar oscailt do bhaill foirne atá faoi mhíchumas (lena n-áirítear tinnis agus riochtaí fadtéarmacha agus ainsealacha) agus daoine ar spéis leo MU a thacaíonn le míchumas a chruthú.

Is iad an lucht freastail a stiúran an plé líonra, a shocraíonn fócas an ghrúpa. Tháinig an Líonra le chéile faoi dhó sa tréimhse tuairiscithe.

Cur i bhfeidhm an Chreata Toilithe

Tá Ollscoil Mhá Nuad ag obair go gníomhach chun an *Framework for Consent in HEIs: a chur i bhfeidhm: Safe, Respectful, Supportive and Positive: Ending Sexual Harassment in Irish Higher Education Institutions*.¹⁹

Tá an VPED freagrach as an gCreat a chur i bhfeidhm in MU. Tá foghrúpa de chuid UE bunaithe chun maoirseacht straitéiseach a sholáthar ar Fhorfheidhmiú an Chreata Toilithe, lena n-áirítear an VPED, Sparánaí, VPA/Cláráitheoir, an Stiúrthóir AD (DirHR), agus an Déan Teagaisc & Foghlama (RT&L).

Tá meitheal oibríocháin (WG) bunaithe faoi Shainchathaoirleach Acadúil, an Dr Sinéad Ring, An Roinn Díl, MU. I measc na gcomhaltaí den WG tá: Oifigeach Leasa Leas-Uachtarán MSU; Stiúrthóir Seirbhísí Campais agus Tráchtála; Stiúrthóir Seirbhísí Mac Léinn; Ceann Seirbhísí Comhairleoireachta Mac Léinn; Stiúrthóir na hOifige Rochtana; Bainisteoir Caidrimh Fostaithe; agus an tOifigeach Comhionannais.

Chuir Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath Oiliúint um Nochtadh ar fáil ar 21 Deireadh Fómhair & 10 Samhain 2020 le 21 ball foirne MU.

Chuir MU i gcomhpháirtíocht le MSU ranganna um Thoilíú Gníomhach* ar fáil ar líne do mhic léinn le linn na Seachtaine Fáilte (agus i rith na bliana). Tá taighde déanta ag an gclár Toiliú Gníomhach* ar eispéiris ghnéasacha daoine óga agus ar dhearcadh gnéasach daoine óga ar thoilíú ó 2013 i leith.

Reachtáladh Caint Phainéil le Mic Léinn chun Toiliú Gníomhach* a phlé in Ollscoil Mhá Nuad, a d'eagraigh an Oifig EDI agus MSU i gcomhar le chéile agus a reachtáladh ar líne ar an 30 Meán Fómhair 2020.

Tá feachtas oideachais agus múscaite feasachta tosaithe ag Oifig an Leas-Uachtaráin maidir le cur i bhfeidhm an Chreata Toilithe lena n-áirítear seoladh leathanach gréasáin tiomnaithe ar chur chun feidhme an Chreata Toilithe

¹⁹ www.edi.ie/en/Publications/Education-Reports/framework-for-consent-in-higher-education-institutions.pdf

Gníomhaíochtaí agus Éachtaí



Imeachtaí/Gníomhaíochtaí/Éachtaí eile i dtaca le EDI in 2020/21

Tá saibhreas saineolais acadúil ag Ollscoil Mhá Nuad ag obair ar thaighde a bhaineann le EDI ar fud na hOllscoile nach bhfuil cuimsithe sa tuarascáil seo. Tá sé mar aidhm ag an gCoiste EDI féachaint ar ghréasán taighde a bhunú in MU chun an t-eolas seo a thabhairt le chéile sa toadhcháil.

Faoi láthair, díreoidh na tionscnaimh atá luaite anseo orthu siúd a bhaineann le hobair na nOifigí EDI/Rochtana, lena n-áirítear:

- > Chruthaigh Seirbhísí Mac Léinn agus an Oifig EDI Ráiteas Comhionannais Homefinder chun tacú leo siúd a fhógraíonn seomraí ar Homefinder aillíní le luachanna an chomhionannais, na héagsúlachta, an chuimsithe agus an idirchultúrachais.
- > D'oibrigh an Oifig EDI le Clubanna & Cumainn MU chun tacú le mic léinn a nglór a chur in iúl ar raon saincheistean chomh maith le tacú le rochtain ar eadráin, cleachtas aisíroch agus deiseanna foghlama chun cur lenár dtuiscint ar chomhionannas, éagsúlacht, cuimsitheacht agus idirchultúrachas.
- > Tugadh isteach modúl 5 ECTS um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú sa bhliain acadúil 2020/21 do bhaill foirne atá cláraithe ar an gclár *Dioplóma larchéime sa Teagasc, Foghlaim agus Measúnú Ardoideachais (PDHETL)*. Táthar ag súil go leathnófar an modúl chuig an bhfoireann ar fad mar mhodúl aonair um fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) sa bhliain acadúil 2023.

Seachtain an Cheartais Shóisialta 2021

Is comhoibriú bliantúil í Seachtain Ceartais Shóisialta Mhá Nuad idir mic léinn, baill foirne agus gníomhaireachtaí eile chun aird a tharraingt in MU ar éagóracha agus neamhionannais dhomhanda agus náisiúnta. Tá sé mar aidhm le himeachtaí na seachtaine comhanáil ar na saincheistean seo a chur chun cinn agus dlúthpháirtíocht agus freagairt atá cóir go sóisialta a spreagadh inár bpobal agus níos faide i gcéin.

Bhí seachtain Ceartas Sóisialta MU 2021 ar siúl an 8 - 12 Márta. Ba é an téama ná 'Ceartas Sóisialta a Athdhearbhú le linn Géarchéime Domhanda'. Roghnaíodh an téama seo chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le lionsa ceartais shóisialta agus muid ag déanamh anailíse le chéile ar thionchar na géarchéime, chomh maith lenár bhfreagairt a fhorbairt mar dhaoine aonair, mar phobal agus mar shochoaí.

Dhírigh an clár saibhir imeachtaí ar ábhair mar inscne, imirce, tearmann, cearta daonna, síocháin, ceartas comhshaoil, saincheistean LGBTQ+, tionchar COVID, bochtaineacht, rochtain ar oideachas do dhaoine a bhfuil ciontú acu, rochtain ar chúram sláinte, comhionannas cine agus meabhairshláinte agus folláine.

Spricanna Forbartha Inbhuanaithe

Bhí MU le feiceáil sa Times Higher Education Impact Ranking. Déanann an rangú seo measúnú ar fheidhmíocht ollscoileanna i gcomparáid le **Spricanna na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe (SDGanna)**²⁰. Bhain an Ollscoil áit amach sna 300 ollscoil is fearr ar domhan. Rangáíodh MU mar phríomhollscoil na hÉireann agus sa 5% is airde d'ollscoileanna ar fud an domhain (ag uimhir 32 as 669 institiúid) i SDG 10 Neamhionannas Laghdaithe. Bhí MU sa 2ú háit in Éirinn agus sa 60ú háit ar fud an domhain maidir le SDG 5 - Comhionannas Inscne. Bhí MU sa chomhchéad áit in Éirinn maidir le hOideachas Cáilíochta (SDG 4) agus rangáíodh #101-200 é go domhanda.

I mí na Bealtaine 2021, thug na trí Choiste Teagasc agus Foghlama Dáimhe cuireadh do Ranna MU freagra a thabhairt ar cheistneoir ar líne chun mapáil a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann teagasc agus foghlaim MU i ngleic le saincheistean inbhuanaitheachta.

D'fhéach an mhapaíl seo le:

- > Sainithint a dhéanamh ar a mhéid a bhfuil cláir, modúil agus gníomhaíochtaí teagasc MU aillínithe le Spricanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe
- > treoir a thabhairt do phleanáil straitéiseach MU, cabhrú leis an dáimh agus le mic léinn cúrsaí agus saineolas MU sna réimsí seo a shainithint,
- > ullmhú do 2022 Times Higher Education Impact Rankings
- > clú MU a chur chun cinn agus a fheabhsú mar cheannaire sa teagasc agus san foghlaim in oideachas inbhuanaitheachta áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

Gheofar an tuarascáil láithreán gréasáin EDI -

www.maynoothuniversity.ie/edi/sustainable-development-goals



²⁰ <https://sdgs.un.org/goals>



Deontais Tionscadail EDI

Cuireadh *Ciste Tionscadal EDI MU2021* i bhfeidhm chun tacú le tionscadail nuálacha a chuireann EDI chun cinn san Ollscoil. I bPlean Straitéiseach MU 2018-2022, geallann an Ollscoil 'tógáil ar ár n-éachtaí go dtí seo agus a bheith mar ollscoil eiseamláireach don chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus idirchultúrachas, áit ar gnéithe lárnach dár misin iad ceartas sóisialta, díriú ar an neamhionannas agus daoine a chumhachtú'. Bhí sé mar aidhm ag an gCiste seo tacaíocht a sholáthar chun an gealltanas sin a bhaint amach.

Bhí iarratais ar oscailt do thionscnaimh ó fhoireann MU agus ó mhic léinn a chuidigh le:

- > Feasacht a ardú ar cheisteanna a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus idirchultúrthacht (EDI) inár n-ollscoil.
- > Dúshlán a thabhairt do leithcheal agus do neamhionannas.
- > Méadú ar ionadaíocht agus ar rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht.
- > Cur i bhfeidhm dea-chleachtais a éascú.

Rinne painéal measúnú ar na tograí agus bronnadh deontas beag (suas le €2,000). Breathnaíodh ar thionscadail aonair, ghrúpa agus chomhoibríocha, lena n-áirítear comhthionscnaimh foirne agus mac léinn. Chlúdaigh na hiarratais ceann amháin nó níos mó de na 9 bhforas atá cosanta i reachtaíocht chomhionannais na hÉireann agus fáiltíodh go háirithe roimh chur chuige trasnachais.

I measc na dtionscnamh maoinithe bhí:

Na meáin chumarsáide éireannacha agus an phíblíne éagsúlachta: foghlaim ó chéimithe staidéar na meán ollscoil mhá nuad agus a dtaithe ar obair na héagsúlachta agus sna meáin

An Dr Sarah Arnold agus an Dr Anne O'Brien

Rinne an tionscadal seo taighde ar eispéiris EDI chéimithe Staidéar na Meán agus iad ag dul isteach in obair na meán agus ag bunú gairmeacha sna meáin. Tá fianaise léirithe ag tionscail na meán cumarsáide in Éirinn, mar atá in áiteanna eile, go bhfuil easpa éagsúlachta ar an scáileán agus lasmuigh de (O'Brien, 2017; O'Brien agus Kerrigan, 2020; Liddy, 2020) agus tá tús curtha ag eagraíochtaí meán le beartais EDI a chur i bhfeidhm atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar neamhionannas rochtana do ghrúpaí imeallaithe agus do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht (m.sh., RTÉ, Screen Ireland). Mar sin féin, thug ár gcuid staidéir roimhe seo ar chéimithe meán MU le fios go bhfuil taithí acu ar imeallú agus ar leithcheal in obair na meán.

Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo an taithí seo ar imeallú a thuiscint ar bhonn gnéis, aicme, cine agus eitneachas agus míchumais. As seo bhí sé mar aidhm acu curaclaim a fhorbairt a chuimsíonn teagasc agus foghlaim ar shaincheisteanna, cearta agus beartais EDI. Forbróidh a gcuraclaim nua tuiscint na mac léinn ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí EDI mar oibríthe meán agus cabhróidh sé leo a bheith ina gcéimithe níos féinmhuiníní.

Iníúchadh a Shéanamh ar Thuiscintí, Braistintí agus Eispéiris Mhic Léinn Fochéime Ollscoil Mhá Nuad ar an gcomhionannas, an Éagsúlacht agus Cuimsiú: i dtreo Uirlisí Dea-Chleachtais a Fhorbairt

An Dr Marian Crowley-Henry, an Dr Jon Gruda agus an Dr Julius Nyiawung

Comhroinneann an triúr léachtóirí/taighdeoirí éascú modúl fochéime (le breis is míle mac léinn cláraithe do sheimeastar 2 den bhliain acadúil 2020-21) do gach mac léinn Gnó sa chéad bhliain in 'Iompar agus Bainistíocht Eagrúcháin' (MN155). Bhraith siad go raibh an modúl seo oiriúnach chun iniúchadh a dhéanamh ar áiseanna cúnaimh aonair, grúpa agus struchtúracha agus ar dhúshlán don éagsúlacht agus don chuimsiú. I measc na n-ábhar ar an modúl tá dearcadh (agus réamhchlaonadh), obair ghrúpa (agus dúshlán don obair ghrúpa) agus cumarsáid (móid éagsúla, modhanna agus torann aiseolais).

D'úsáid siad fócasghrúpaí chun tuiscint agus eispéiris na mac léinn ar chuimsiú agus ar éagsúlacht a fhiosrú thar lionsaí éagsúla na n-ábhar ar an modúl, ag bailiú moltaí ó mhic léinn faoi na cleachtais is fearr a spreagfadh agus a chuirfeadh le cruthú timpeallachta foghlama agus chultúir inbhuanaithe.

Ón Imeacht: Dearnadh Domhanda ar Eispéiris LADTA: Siompóisiam agus Ceardlann Fhíorúil

Mx Mariza Avgeri agus an Dr Fergus Ryan

Bhí sé mar aidhm ag an siompóisiam agus an cheardlann fhíorúil seo cainteoirí idirnáisiúnta agus ceannairí ceardlainne a tharraingt le chéile chun taithí daoine LGBTQ+ a léiriú ó thaobh an domhain de. Leag an t-imeacht béim ar leith ar eispéiris ar fhéiniúlacht inscne agus ar léiriú inscne a thagann salach ar ionchais shóisialta agus chultúrtha. D'fhéach an siompóisiam le straitéisí a aithint chun tuiscint a fheabhsú agus chun dul i ngleic leis an imeallú, ag féachaint d'éagsúlacht chultúrtha agus do chúinsí trasnachais ar nós eitneachas, reiligiún agus míchumas. Chuimsigh an t-imeacht leathlae cainteoirí a thug aghaidh ar chúrsaí tearmainn agus féiniúlacht inscne, ar chás na ndaonraí LGBTQ+ in Oirthear na hEorpa, sna Balcáin, sa Rúis agus sa Mheánoirthear. Bhí ceardlann rannpháirtíoch faoi stiúir ealaíontóirí ann maidir le héisteacht le guthanna daoine ciníochaithe neamh-dhénártha agus daoine aisteacha. Thug taispeántas mac léinn cuireadh do mhic léinn iontráil blag, póstaer, podchraoladh, nó saothar ealaíne dá rogha féin a uaslódáil a léiríonn na coinníollacha do dhaoine LGBTQ+ in aon chuid den domhan.



Imeachtaí/Gníomhaíochtaí/Éachtaí eile i dtaca le EDI in 2020/21 ar lean

Rochtain Chuimsitheach Ar Bhailiúcháin Speisialta Leabharlann Mu A Sholáthar

Hugh Murphy

Tá roinnt bailiúchán uathúla i Leabharlann Ollscoil Mhá Nuad. Tá cuid acu ar fáil le breathnú orthu ar an láthair, tá cinn eile digitithe agus is féidir rochtain a fháil orthu go cianda. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo taispeántais ar líne a chruú de thrí bhailiúchán leabharlainne a chuimsíonn saincheistean a bhaineann le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Is iad seo:

- > Cartlann Ken Saro-Wiwa
- > Cartlann Teresa Deevy
- > Cartlann Pearse Hutchinson.

Rinneadh na taispeántais seo a óstáil ar rochtain oscailte trí shuíomh Gréasáin na leabharlainne agus tá siad ar fáil ar fud an domhain 24/7 d'úsáid an phobail. Bhí gach duine de na daoine seo taobh amuigh den tsochaí go pointe áirithe.

Chuir Saro-Wiwa ceartas comhshaoil agus cearta mionlach eitneach chun cinn; Thug Teresa Deevy guth do scríbhneoirí ban tráth a raibh sé sin neamhchoitianta. B'fhéidir gur beag eolas a bheadh uirthi murach cartlann MU agus gníomhaíochtaí gaolmhara. Mar bhall den phobal LGBT thug Pearse Hutchinson (1927-2012) guth, trína chuid filíochta, do ghrúpa imeallaithe.

Cúrsaí Rochtana Oscailte A Fhorbairt I “Litríocht Agus Cultúr Imirceach Domhanda” Agus “Dlí Agus Sochaí In Éirinn”: Tionscadal Píolótach Chun Rannpháirtíocht Chomhionann Agus Uilechuimsitheacht Sa Timpeallacht Foghlama Fíorúil A Fheabhsú

An Dr Clíodhna Murphy, an Dr Edana Richardson agus an Dr Rita Sakr

Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo cúrsaí acadúla ar líne a bhfuil rochtain oscailte orthu a fhorbairt chun rannpháirtíocht chomhionann agus chuimsitheach sa timpeallacht fhíorúil foghlama in Ollscoil Mhá Nuad (MU) a fheabhsú mar chuid den bheartas EDI chun “gníomh dearfach a dhéanamh san oideachas chun díriú ar rannpháirtíocht a leathnú agus ar ghrúpaí ar ghannionadaíocht”. Forbraíodh dhá chúrsa: “Litríocht agus Cultúr Imirceach Domhanda”; agus “Dlí agus Sochaí na hÉireann”.

Ceapadh na cúrsaí d'fhoghlaimoirí chun 2 uair an chloig d'ábhar a chríochnú in aghaidh na seachtaine thar thréimhse 4 seachtaine. I measc na dtopaicí samplacha do “Dlí agus an tSochaí in Éirinn” tá “Tús eolais ar Chóras Dlí na hÉireann”; “Dlí, Comhionannas agus Cearta an Duine”; agus “Dlí agus Obair”. I measc na n-ábhar samplach do “Litríocht agus Cultúr Imirceach Domhanda” bheadh “(Im)soghluaisteachtaí agus trasrianta draíochtúla réalaíoch”, “Dúshlán a chur faoi réimis coinneála trí na daonnachtaí comhshaoil” agus “Níos mó ná cearta an duine a shamhlú”. Fuair foghlaimoirí rochtain ar ábhar ar a gcaoihiúlacht trí ardán ar líne. Ní raibh creidmheas ag baint leis na cúrsaí agus níor bronnadh cáilíocht dá mbarr.



Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad


Tá Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad (MAP) atá á reáchtáil ag an Oifig Rochtana freagrach as rannpháirtíocht a leathnú agus as a chumasú do mhic léinn ó chúirí neamhthraidisiúnta rochtain a fháil ar an Ollscoil agus rath a bheith orthu ann.

Trí MAP, cuireann an Ollscoil for-rochtain ar fáil do scoileanna agus pobail, cláir ullmhúcháin réamhiontrála agus tacaíochtaí aistrithe agus iar-iontrála pearsanta, sóisialta, airgeadais agus acadúla do mhic léinn rochtana Ollscoil Mhá Nuad atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch.

Sonraí Mac Léinn MAP 2020-2021

Tá na spriocghrúpaí mac léinn MAP méadaithe le blianta beaga anuas chun spriocghrúpaí nua a áireamh mar éilítear faoin bPlean Náisiúnta um Rochtain ar an Oideachas 2015-2021. In 2020, tháinig méadú tapa ar líon na mac léinn a fhaigheann tacaíocht ó MAP, ag leathnú níos faide ná na grúpaí a léirítear i ndath gorm agus glas sa léaráid thíos, chun mic léinn ar bhonnchláir, mic léinn a fhaigheann raon scoláireachtaí agus sparánachtaí éagsúla, mic léinn ollscoile tearmainn, mic léinn atá gan dídean, cúramóirí, mic léinn atá/a bhí faoi chúram, daoine a bhfuil stair ceartais choiriúil acu, teifigh, sealbhóirí dámhachtainí breisoideachais, foghlaimoírí páirtaimseartha/solúbtha, agus tuismitheoirí aonair, léirithe i gcorra, a chur san áireamh.


Líon Mac Léinn MAP 2008-2021



Fíor 11. Fás ar chohóirt mac léinn a fhaigheann tacaíocht MAP ó 2008 i leith

Léiríonn na treochtaí foriomlána go bhfuil méadú ar líon na mac léinn atá ag lorg tacaíochta ó MAP, ach freisin go bhfuil méadú ar chastacht lena n-áirítear trasnachas níos mó idir riachtanais. Tá níos mó mac léinn faoi mhíchumas mar shampla ag lorg tacaíochta agus méadú suntasach ar líon na mac léinn a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.

Cohóirt Mhac Léinn MAP 2021



Fíor 10. Grúpaí Tosaíochta Mac Léinn arna dtacú ag MAP 2021

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na mac léinn atá ag lorg tacaíochta ó MAP, i bhfianaise líon na mac léinn a raibh tionchar ag COVID-19 orthu as ar lean éileamh ar thacaíocht bhreise.



Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad ar lean

Freagairt ar Thionchar COVID-19

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhógair an HEA go gcuirfí Ciste Teagmhasachta COVID-19²¹ ar fáil chun éifeachtaí COVID-19 a mhaolú.

Leithroinn an ollscoil maoiniú ar shé cinn de príomhghníomhaíochtaí

- > Tacaíocht chomhairleach méadaithe do mhic léinn rochtana trí bheirt chomhairleoirí mac léinn bhreise a cheapadh i MAP.
- > Tacaíocht mhéadaithe ón Lárionad Tacaíochta Matamaitice MU (MSC) trí 10 n-uaire an chloig bhreise de thacaíocht buail isteach seachtainiúil agus teagasc duine le duine a sholáthar do mhic léinn rochtana.
- > Infhaighteacht mhéadaithe ar thacaíochtaí teicneolaíochta ar éileamh atá ar fáil i seirbhísí TF chun tacú le mic léinn rochtain a fháil ar an VLE agus chun fadhbanna crua-earraí agus bogearraí a réiteach.
- > Uaireanta oscailte sínte san Ionad don Scribhneoireacht Acadúil (AWC) do mhic léinn rochtana.
- > Tacaíocht riaracháin mhéadaithe do MAP chun tacú leis an líon méadaithe mac léinn a fhaigheann rochtain ar an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn.
- > Inrochtaineacht fheabhsaithe ar an timpeallacht fhíorúil foghlama (VLE) trí threoracha agus ábhair oiliúna a sholáthar don fhoireann, do mhic léinn agus d'oibríthe tacaíochta oideachais.

Tionchar a Imirt ar an mBeartas Náisiúnta

Tugadh cuireadh don Dr Rose Ryan, Stiúrthóir MAP, páirt a ghlacadh sa *Choiste um Mhíbhuntáiste Oideachais a Mhaolú*, faoi cheannas an Dr Niamh O'Reilly Príomhfheidhmeannach AONTAS. Ba é cuspóir an Choiste na príomhcheisteanna a aithint a raibh tionchar acu ar fhoghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste a bhfuil rochtain acu ar dheiseanna foghlama i ngach cuid den chóras oideachais tríú leibhéal, de bharr éigeandáil sláinte poiblí COVID-19.

Cheap an Coiste roinnt páipéar²² inar tugadh breac-chuntas ar na saincheisteanna (láithreach agus meántéarmach) atá ag cur as d'fhoghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste sna hearnálacha ardoideachais, breisoideachais agus oiliúna agus oideachais pobail de bharr na paindéime COVID-19. Bhí tionchar suntasach ag na páipéir seo ar bheartas náisiúnta as ar tháinig tionscnaimh chun díriú ar an tionchar ar na daoine is imeallaithe lena n-áirítear fógra maidir le Ciste Maolaithe i gCoinne an Mhíbhuntáiste Oideachais €8 milliún i Samhain 2020, chun tacú le soláthar oideachais pobail, agus tacaíochtaí spriocdhírthe i réimsí na meabhairshláinte, na teicneolaíochta, agus tacaíocht airgeadais d'fhoghlaimoirí sa chóras tríú leibhéal.


Bhí Stiúrthóir MAP i gceannas ar thrí athbhreithniú chun tacú le straitéis náisiúnta rochtana in 2020/21 a chuimsigh aighneachtaí chuig

- Taighde an ÚAO ar Rannpháirtíocht Mac Léinn Lánfhásta san Ardoideachas i Meitheamh 2020
- an tAthbhreithniú ar Thacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) in Aibreán 2021, agus
- an Plean Náisiúnta Rochtana (NAP) 2022-2028 i Meitheamh 2021.

Bhí tacaíocht shuntasach agus 'lán-ollscoile' ag na haighneachtaí le rannpháirtíocht agus comhoibriú ó shaineolaithe ar fud na hollscoile, a chuimsigh seirbhísí mac léinn, tacaíochtaí rochtana agus ranna acadúla. Ullmhaíodh na haighneachtaí bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ónár ngnóthachtálacha agus ónár dtaithe ag obair le mic léinn agus páirtithe leasmhara pobail go dtí seo agus an méid a bhí foghlamtha againn ó na próisis chomhairliúcháin seo.

Tacaíochtaí Comhtháite Iar-Iontrála do Mhic Léinn

Soláthraíonn MAP tacaíochtaí leanúnacha acadúla, airgeadais agus pearsanta iar-iontrála do mhic léinn MU ó na spriocghrúpaí cothromais, a bhfuil go leor díobh príomhshruthaithe chun tacú le gnóthachtáil acadúil gach mac léinn, m.sh., an tIonad Tacaíochta Matamaitice agus an tSeirbhís Chomhairleach Buiséadaithe Mac Léinn.



Fíor 12. Is féidir le MAP Cabhrú leis an sineadh tacaíochta atá ar fáil ón Ionad Tacaíochta Matamaitice

²¹ <https://hea.ie/policy/access-policy/access-covid/>

²² [www.aontas.com/assets/resources/Policy/MED Enabling Learner Success in Pathways and Progression during COVID-19.pdf](http://www.aontas.com/assets/resources/Policy/MED%20Enabling%20Learner%20Success%20in%20Pathways%20and%20Progression%20during%20COVID-19.pdf)

²³ www.maynoothuniversity.ie/student-services/laptop-loans



Scéim Iasachtaí Ríomhairí Glúine MU

Mar chuid den phacáiste tacaíochtaí COVID-19 d'institiúidí ardoideachais agus breisoideachais arna fhaomhadh ag an Rialtas an 22 Iúil 2020, leithdháil an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta €10 milliún de mhaoiniú caipitil chun tacú le mic léinn faoi mhíbhuntáiste san earnáil ardoideachais maidir le rochtain a fháil ar ghléasanna TFC.

Ar an 4 Lúnasa 2020, leithdháileadh €577,223 de mhaoiniú deontais ar Ollscoil Mhá Nuad chun Scéim Iasachtaí Ríomhairí Glúine²³ a bhunú chun tacú le mic léinn faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar ghléasanna TFC. D'úsáid MU an deontas chun 745 ríomhaire glúine a sholáthar agus bhunaigh sé scéim nua iasachtaí ríomhaire glúine, lena n-áirítear próiseas measúnaithe aonair chun tosaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhfuil an riachtanas is mó acu agus samhail inbhuanaithe chun an trealamh a leithdháileadh agus a dháileadh mar chomhoibriú idir Seirbhísí na Mac Léinn, an Oifig Rochtana, Seirbhísí TF, an Leabharlann agus Aontas Mac Léinn Má Nuad.

Fíor 13. Póstaer promóisín don Scéim Iasachta Glúine

Thacaigh scéim MU um Iasachtaí Ríomhairí Glúine le coinneáil mac léinn. Tacaíonn an tSeirbhís Chomhairleach Buiséadaithe do Mhic Léinn leis an scéim agus cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil tríd an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn agus í á tabhairt mar aon le tacaíocht chomhairleach thiomanta ar fud MU.

D'iarr an HEA aiseolas gan ainm ó mhic léinn chun tionchar na scéime a aithint agus cuireadh rogha de na freagraí sin san áireamh sa tuarascáil a seoladh chuig an HEA ar 10 Márta, 2021:

- > "Gan scéim iasachta ríomhaire glúine, is dócha nach mbeinn in ann leanúint ar aghaidh le mo chúrsa. Bhí an seimeastar seo caite uafásach amach is amach."
- > "Bheadh sé deacair freastal ar léachtaí agus tascanna a chríochnú ó bhí ríomhaire glúine á roinnt agam idir thiúir. Ní dóigh liom go mbeinn in ann an bhliain acadúil a chríochnú go rathúil."
- > "Chaithfinn leanúint ar aghaidh ag roinnt ríomhaire glúine le mo dheirfiúr níos óige atá ag fáil oideachas baile mar gheall ar COVID. Bheadh an-deacair agam coinneáil suas le mo chúrsa agus freastal ar léachtaí beo ar Teams."
- > "Chuirfinn an bhliain siar agus d'fhanfainn go dtí go bhfillfinn ar an bhfoghlaime ar an gcampas"

Tacaíochtaí Airgeadais do Mhic Léinn

Mar aitheantas gur féidir le costais an choláiste a bheith ina mbac suntasach, is féidir le mic léinn MU teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Chomhairle Buiséadaithe Mac Léinn, chun comhairle agus treoir a fháil maidir le tacaíocht airgeadais in MU. Riarann MAP Ciste Sparánachtaí 1916 agus Ciste Cúnaimh na Mac Léinn chun tacaíocht airgeadais dhíreach a sholáthar do mhic léinn a bhfuil easpa airgid orthu.

Cuireann Sparánachtaí 1916 airgead ar fáil le gur féidir mianta oideachais a chomhlíonadh agus deiseanna a chur ar fáil i gcás na mac léinn ó na grúpaí is mó atá faoi ghanionadaíocht sa réigiún. In 2021, bhí 37 mac léinn MU ag fáil Sparánachtaí 1916 arbh fhiú €5,000 iad in aghaidh gach bliana dá mbuncheim.

Tugann an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn tacaíocht freisin do mhic léinn ó chúrlaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch le ranníocaíocht airgeadais agus cuireann sé cúnadh éigeandála ar fáil d'aon mhac léinn a bhfuil deacrachtaí airgeadais eisceachtúla aige.


Fíor 14. Póstaer bolscaireachta don Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn

Fíor 15. Is féidir le MAP cabhrú – méadú ar Mhaoiniú Cúnaimh do Mhic Léinn




Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad ar lean

Tá méadú suntasach le blianta beaga anuas ar líon na mac léinn atá ag lorg tacaíocht airgeadais ón ollscoil. An HEA a chuireann an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn ar fáil. Tá méadú mór tagtha ar leithdháileadh MU le blianta beaga anuas le méadú an-ghéar in 2020/21 nuair a leithdháil an HEA €500,000 breise de mhaoiniú chun an t-éileamh ó thionchar COVID-19 a shásamh:




Mar gheall ar an easpa airgeadais atá ar mhic léinn, tá méadú ag teacht i gcónaí ar éileamh na mac léinn:






In 2020/21, ag léiriú brúnna airgeadais a bhaineann le COVID 19, dháil MAP €1,195,768 ón gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn ar 1,023 mac léinn. Ba é €1,189 an mheáníocaíocht.



Fíor 18. An Faighteoir is Coitianta i gcás an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn

As na dámhachtainí SAF, bhain 35% le mic léinn fireanna agus 64% le mic léinn baineanna agus bronnadh 87% de na dámhachtainí SAF ar mhic léinn fochéime agus 13% ar mhic léinn iarchéime.



Fíor 19. Cuspóir sainithe an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn 2019-20 vs 2020-21

In 2020/21, bhain 235 íocaíocht (17%) le Covid agus bronnadh formhór an mhaoinithe (44%) chun tacú le costais leabhar agus ábhar.

Gníomhaíochtaí agus Éachtaí



Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad ar lean

Rinne MAP measúnú agus dáileadh ar €370,647 de mhaoiniú breise ar 826 mac léinn trí raon scoláireachtaí agus tacaíochtaí maoinithe éagsúla.

Bhí sé rithabhachtach maidir le rannpháirtíocht, rochtain agus coinneáil mac léinn a chur in iúl go bhfuil maoiniú ar fáil agus na tacaíochtaí iomlánaíocha atá dírithe ar an mac léinn.

D'fhorbair MAP agus Seirbhísí Mac Léinn feachtas cumarsáide spriocdhírthe i gcomhpháirtíocht le hAontas Mac Léinn Mhá Nuad chun feasacht a ardú:

> Comhoibríoch

Seirbhísí na Mac Léinn. Chuir Clár Rochtana Mhá Nuad agus Aontas Mac Léinn Mhá Nuad Ciste Cúnta na Mac Léinn chun cinn le chéile.

> Dírithe

Cur chun cinn Chiste Cúnta na Mac Léinn mar chuid den tSeachtain Airgid agus den réamh-iontráil d'imeachtaí for-rochtana.

> Cuimsitheach

Curtha chun cinn ag ranna acadúla ar leathanaigh chúrsa Moodle.

> Nuálaíoch

Feasacht Chiste Cúnta na Mac Léinn ardaithe ag imeachtaí fóirúla MU Live.

> Treisithe

Teachtaireachtaí díreacha go dtí na mic léinn chomh maith le postálacha mean sóisialta.

Tá an tionchar ar rannpháirtíocht agus coinneáil na mac léinn suntasach agus dúirt formhór na mac léinn go bhfuil an maoiniú seo rithabhachtach dá rannpháirtíocht leanúnach in MU.

Tionchar SAF

“Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat as seo mar nach dtuigeann tú an brú ollmhór atá ag cur orm. Ligeann sé dom díriú ar mo scrúduithe gan a bheith buartha faoi rud ar bith eile... ní fhéadfadh sé a bheith tagtha ag am níos fearr.”

“Ní féidir liom a rá leat cé chomh buíoch agus atá mé as roinnt airgid a bheith agam le bheith in ann íoc as na bunghnéithe. Tá Ruth chomh cineálta liom ar feadh na mblianta agus bhí mé ag tnúth le bualadh léi. Aireoidh mé uaim na comhráite beaga a bhíodh agaim agus an tslí ar chuir sí ar mo chompond mé agus mé ag caint faoi mo thrioblóidí airgid!”

Fíor 21. Tionchar Ciste Cúnaimh na Mac Léinn ar fhaghteoirí

Meabhairshláinte na Mac Léinn


Tá saintacaíochtaí ceannródaíocha forbartha don chéatadán níos lú de mhic léinn nach féidir freastal ar a riachtanais níos casta i gcónaí trí sholáthar príomhshrutha. Mar shampla, is clár tacaíochta acadúil sainoiriúnaithe é Student Central do mhic léinn a bhfuil riachtanais shuntasacha foghlama acu a chuireann le coinneáil agus le dul chun cinn na mac léinn. Soláthraíonn triúr Síceolaithe Cúnta in MAP agus foireann ildisciplíneach sa Líonra Foghlama Náisiúnta an clár.

I measc na mac léinn a bhaineann leas as an tacaíocht seo go hiondúil tá mic léinn ar Speictream an Uathachais, mic léinn ar a bhfuil Neamhord Easpa Airde (Hipirghníomhaíocht) nó mic léinn a bhfuil dúlagar nó imní mhór orthu. Forbraíodh sraith acmhainní ar líne *Student Central* chun scileanna acadúla a chur chun cinn sa suíomh ar líne.

SAF Communications Plan

Collaborative Student Services, MAP and Maynooth Students Union promoted SAF together.	Focused SAF promotion integrated into Money Week and pre-entry and outreach events.	
Comprehensive Promoted by academic department on Moodle course pages.	Innovative SAF awareness was raised at MU Live events held virtually.	Reinforced Direct messaging to students as well as ongoing social media posts.

Fíor 20. Plean cumarsáide an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn




Fíor 22. Taifeadtaí Student Central ar fáil mar acmhainní ar líne



In 2020/21, mar gheall ar thionchar COVID-19, d'fhorbair Student Central tionscnamh nua chun na seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana do gach mac léinn rochtana. Aistríodh an tseirbhís duine le duine ar líne, agus d'fhorbair an fhoireann seimíneáir ghréasáin ar líne a cuireadh ar fáil i rith na bliana acadúla. I seimeastar a dó, forbraíodh máistir-ranganna chun an idirghníomhaíocht le mic léinn a mhéadú. Forbraíodh físeáin agus PowerPoints inste do mhic léinn ar raon ábhar acadúil agus folláine.

Lean an rannpháirtíocht de bheith ard le 377 mac léinn ag baint leas as tacaíocht in 2020/2021 le 1,092 coinne aonair.



Fíor 23. Rannpháirtíocht in Student Central 2020-21

Bhí inní (25%), saindeacrachtaí foghlama (16%) agus dúlagar (15%) léirithe ag tromlach na mac léinn a bhain rochtain ar an tseirbhís in 2020/21, cé go bhfuil níos mó ná diagnóis amháin ag go leor mac léinn.

Léirigh aiseolas ó mhic léinn an tábhacht a bhaineann leis an tacaíocht spriocdhírthe seo maidir le coinneáil agus dul chun cinn:

“Bhí gach duine a raibh mé i dteagmháil leo thar a bheith tacúil agus cabhrach. Bhí siad thar a bheith luachmhar ó thaobh cabhrú liom le linn na foghlama ar líne.”

“Bhí sé iontach; choinnigh sé mé dírithe agus ar an mbóthar ceart le mo chuid oibre. Spreagadh agus tacaíodh liom i dtimpeallacht chairdiúil neamhbhreithiúnach. Rinne sé an-difríocht ó thaobh fanacht agus an bhliain a chríochnú.”

“Chomh cabhrach. Mhóthaigh mé níos fearr i gcónaí, nuair a d’imigh mé, faoin obair a bhí le déanamh.”

“An-mhaith, bhí an-chuid fadhbanna agam le mo mheabhairshláinte agus mo spreagadh i rith na bliana seo, bhí tú thar a bheith cabhrach ag síneadh lámh chunta chugam go minic cé go raibh mé cúlaithe go mór isteach ionam féin”

“Tá na baill foirne an-tarraingteach agus is éisteoirí den scoth iad. Nuair a bhíonn duine agat le labhairt leo, bíonn sé níos fusa réiteach a fháil ar fhadhb nó dearcadh eile a fháil air. Go raibh maith agat as do chuid ama agus as bheith cúirtéiseach liom. Bhí mé buíoch le linn mo chuid uaireanta dorcha.”




Fíor 24. Ambasadóirí Mac Léinn MAP

Clár Ambasadóirí MAP

Ní fhéadfaí aon cheann de chláir for-rochtana pobail agus scoileanna láidre MAP a sheachadadh gan an fuinneamh, an díograis agus an tiomantas iontach a léirigh Ambasadóirí MAP. Is iad Ambasadóirí MAP ná mic léinn reatha a fhaigheann tacaíocht MAP, alumna MAP agus tuismitheoirí mac léinn MAP atá oilte chun ionadaíocht a dhéanamh ar Ollscoil Mhá Nuad. Tugann Ambasadóirí MAP a gcuid ama agus taithí chun cuairt a thabhairt ar scoileanna agus a bpobail, agus chun tacú le gníomhaíochtaí aistrithe agus iar-iontrála MAP, ag gníomhú mar eiseamláirí maidir le conas rath a bhaint amach ag an trú leibhéal agus níos faide anonn.

Launchpad 2020

In 2020, bhog an Clár Treoshuimh Launchpad bliantúil a éascaíonn an t-aistriú go dtí an trú leibhéal d’iontrálaithe a fhaigheann tacaíocht MAP ó imeacht trí lá ar an gcampus go dtí imeacht ar líne mar gheall ar COVID-19. Bhí fonn ar MAP an chuid is fearr de Launchpad a choinneáil agus leanúint ar aghaidh ag seachadadh an chláir mar chláir atá faoi úinéireacht na mac léinn, agus deartha agus seachadta ag mic léinn. Tháinig 100 Ambasadóir MAP le chéile chun an Clár Treoshuimh Launchpad a sheachadadh. Chun é seo a bhaint amach, thug Ambasadóirí MAP faoi roghnú agus faoi oiliúint le bheith ina meantóirí piaraí oilte ar líne chun raon ceardlann faisnéise, moil dhigiteacha agus tacaíocht leanúnach a sholáthar do bhreis is 500 iontrálaí nua le tacaíocht ó MAP. Tá teist chruthaithe ag Launchpad maidir le ceangal a bhunú le hOllscoil Mhá Nuad agus braistint muintearais a chothú i gcóhórt mac léinn nuair is minic a bhíonn céatadán mór díobh ar an gcéad duine ina dteaghlach a d’fhreastail ar an trú leibhéal.



Fíor 25. Taifeadtaí de sheisiúin de Launchpad 2020 mar acmhainní ar líne

²⁴ www.maynoothuniversity.ie/experiential-learning/students/student-experience-award


Gníomhaíochtaí agus Éachtaí



Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad ar lean

Clár Aistrithe Teicneolaíochta


D'éascaigh Ambasadóirí MAP an Clár Aistrithe Teicneolaíochta freisin, a thug tús eolais ar an bhfoghlaim ar líne do mhic léinn a fhaigheann tacaíocht MAP ag baint úsáid as an teicneolaíocht oideachais is déanaí, agus a sheachadann Ceardlanna Féinchúraim, chun comhairle agus treoir a thabhairt d'iontrálaithe ar an tsíl le haire a thabhairt dá meabhairshláinte san ollscoil.



Fíor 26. Taifeadtaí de sheisiúin de chuid Chláir Aistrithe Teicneolaíochta 2020 mar acmhainní ar líne

I mí na Samhna 2020, bhí Mac Léinn Rochtana de chuid Ollscoil Mhá Nuad, Alpha Ike, agus an Stiúrthóir Rochtana, an Dr Rose Ryan, le feiceáil sa chlár faisnéise My UNI Life ar RTÉ, sraith cúig pháirt a lean saol mic léinn dhifriúla ag céimeanna éagsúla dá n-aistear ollscoile. Arna scannánú thar 12 mhí, thug an tsraith léargas uathúil agus barántúil ar shaol seachtar mac léinn ar fud na tíre, agus iad ag dul trí dhúshláin phearsanta agus an phaindeim COVID-19 agus ag iarraidh dul i ngleic leis an aistriú chuig an gcianfhoghlaim.

Chuaigh Alpha Ike isteach in Ollscoil Mhá Nuad ar chúrsa san Eolaíocht Ríomhaireachta tríd an mBealach Rochtana Ardoideachais (Scéim HEAR). Dúirt sé ag an am gur *“gné spéisiúil den chlár faisnéise é an bealach a d’aistrigh sé ó bheith faoi shaol an choláiste go dtí scéalta na ndaoine a bhí páirteach ann a ghabháil. Ba dhuine difriúil mé ag tús an phróisis, i ndomhan an-difriúil, agus ba mhór agam a bheith mar chuid den scéal faoin gcaoi ar dhéileáil daoine leis an saol nua seo.”*



Fíor 28. Alpha Ike agus rannpháirtithe mic léinn in My Uni Life

Gradam Eispéreas Mac Léinn Mu (Muse)

Tá an rogha ag Ambasadóirí MAP a gcuid uaireanta oibre ar ghníomhaíochtaí MAP mar Launchpad, For-Rochtain, Malartú Scéalta, srl. a chur i dtreo Dámhachtain Eispéreas Mac Léinn Ollscoil Mhá Nuad (MUSE). Tugann Gradaim MUSE aitheantas agus luach saothair do rannpháirtíocht na mac léinn i ngníomhaíochtaí neamhchreidmheasa ar nós taithí oibre, obair dheonach, rannpháirtíocht i gclubanna agus i gcumann, ionadaíocht mac léinn agus go leor eile. I mí na Bealtaine 2021, bronnadh Gradaim MUSE ar líon mór Ambasadóirí MAP ag an searmanas a d’óstáil an Oifig um Foghlaim ó Thaithí chun a n-éachtaí agus a gcuid iarrachtaí a cheiliúradh.



Fíor 27. Ambasadóir MAP a fuair Gradaim MUSE 2020




Cas Ar An Múinteoireacht – Rochtain ar Oideachas Múinteoirí a Leathnú

Is tionscnamh um méadú rannpháirtíochta é an clár Cas ar an Múinteoireacht atá á mhaoiniú ag HEA PATH 1 de chuid Ollscoil Mhá Nuad a bhfuil sé mar aidhm aige gairm na múinteoirachta in Éirinn a éagsúlú.

